



AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 17.6.2025
COM(2025) 825 final

2025/0825 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le ceanglais stuamachta i
gcomhair institiúidí creidmheasa a mhéid a bhaineann le ceanglais le haghaidh
neamhchosaintí ar urrúsú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2025) 825 final} - {SWD(2025) 825 final} - {SWD(2025) 826 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Réamhrá ginearálta

Trí mhargadh urrúsúcháin na hEorpa a athsheoladh, is féidir cuidiú leis an méid maoinithe atá ar fáil don fhíorgheilleagar a mhéadú agus le héagsúlú riosca laistigh den mhargadh aonair a fheabhsú. Tá sé sin níos tábhachtaí ná riamh sa timpeallacht eacnamaíoch agus gheopholaitiúil atá ann faoi láthair ina bhfuil gá le hinfheistíocht mhór san Aontas chun go leanfaidh sé de bheith athléimneach agus iomaíoch. Is féidir le margaí urrúsúcháin dea-fheidhmiúla rannchuidiú le fás eacnamaíoch níos airde agus cistiú chuspóirí straitéiseacha an Aontais a éascú, lena n-áirítear infheistíochtaí san aistriú glas, san aistriú digiteach agus san aistriú sóisialta, trí ligean d'institiúidí creidmheasa (i.e. bainc) rioscaí a aistriú chuig na hinstiúidí sin is fearr a iompróidh iad agus, ar an gcaoi sin, a gcaipiteal a shaoradh. Tá coinne leis go n-úsáidfí na bainc an caipiteal sin chun iasachtaí breise a thabhairt do theaghlaigh agus do ghnólachtaí, lena n-áirítear FBManna. Trí riosca a athdháileadh laistigh den chóras airgeadais i gcoitinne, is féidir le hurrúsú níos mó deiseanna infheistíochta a sholáthar d'infheisteoirí sa mhargadh caipitil freisin. Fágann creat urrúsúcháin an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair go gcoimeádtar geilleagar an Aontais ó bheith ag baint leas as na tairbhí uile a bhaineann le hurrúsú.

Leis na tuarascálacha ó Enrico Letta¹ agus ó Mario Draghi², moltar an t-urrúsúchán mar bhealach chun acmhainneacht iasachtaithe bhainc an Aontais Eorpaigh a neartú le haghaidh riachtanais mhaoinithe thosaíochtaí an Aontais, lena n-áirítear cosaint, margaí caipitil níos doimhne a chruthú, an tAontas Coigiltis agus Infheistíochta a thógáil agus iomaíochas an Aontais a mhéadú.

D'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún Eorpach bearta a shainaithint chun margadh urrúsúcháin na hEorpa a athsheoladh, lena n-áirítear 'trí athruithe rialála agus stuamachta, agus úsáid á baint as an tsolúbthacht atá ar fáil'³ agus creat urrúsúcháin athbhreithnithe a mholadh go pras, in 2025⁴. Tá glao ar ghníomhaíocht á dhéanamh ag roinnt mhaith páirtithe leasmhara freisin, lena n-áirítear eisitheoirí, infheisteoirí agus maoirseoirí, chun aghaidh a thabhairt ar na baic ar fhorbairt mhargadh urrúsúcháin an Aontais⁵.

Cuireadh creat urrúsúcháin an Aontais i bhfeidhm tar éis ghéarchéim airgeadais 2008 agus bhí sé ina fhreagra ar ábhair imní maidir le hurrúsuithe rioscúla SAM. An tráth sin, measadh go raibh gá le diancheanglais chun clú an mhargaidh urrúsúcháin a athbhunú, óir bhí sé thíos le cosaintí neamhleora agus le mímhuintín mhór infheisteoirí. Ós rud é go bhfuil coimircí iomchuí leabaithe go daingean anois in eagrú an mhargaidh agus go bhfuil muinín infheisteoirí á gnóthú ag an urrúsú, ní mór teacht ar chothromaíocht níos fearr idir coimircí agus deiseanna fáis - le haghaidh infheistíochtaí agus eisiúna araon. Léiríonn an taithí ar an gcreat go bhfuil sé róchoimeádach agus go gcuireann sé teorainn leis an úsáid a d'fhéadfaí a

¹ Letta, E. (2024). Much more than a market - Speed, Security, Solidarity. Empowering the Single Market to deliver a sustainable future and prosperity for all EU Citizens.

² Draghi, M. (2024). The Future of European Competitiveness—A Competitiveness Strategy for Europe.

³ [Conclúidí ón gComhairle Eorpach, mí Aibreán 2024.](#)

⁴ [Conclúidí ón gComhairle Eorpach, mí an Mhárta 2025.](#)

⁵ Aiseolas faoin nglao ar fhianaise maidir le hathbhreithniú ar an gCreat Urrúsúcháin, 19 Feabhra 2025 – 26 Márta 2025, europa.eu; aiseolas ar chomhairliúchán spriocdhírthe 2024 maidir le feidhmiú chreat urrúsúcháin an Aontais, 9 Deireadh Fómhair – 4 Nollaig 2024, finance.ec.europa.eu.

bhaint as urrúsuithe san Aontas. Fágann costais arda oibriúcháin agus ceanglais chaipitil róchoimeádacha go gcoimeádtar roinnt mhaith eistheoirí agus infheistoirí lasmuigh den mhargadh urrúsúcháin.

Is é is aidhm don athbhreithniú na maolaitheoirí riosca a cuireadh chun feidhme i gcreataí rialála agus maoirseachta urrúsúcháin an Aontais a aithint, lenar laghdáíodh go mór na rioscaí atá leabaithe in idirbhearta urrúsúcháin, chomh maith le dea-fheidhmíocht chreidmheasa urrúsuithe an Aontais.

Cuireann an togra seo le tosaíocht 2024-2029 ón gCoimisiún maidir le ‘Plean nua chun go mbeidh rathúnas agus iomaíochas na hEorpa inbhuanaithe’. Is cuid den Aontas Coigiltis agus Infheistíochta⁶ é an togra, ar bunchloch de shainordú Choimisiún 2024-2029 é, agus is é an chéad tionscnamh reachtach faoin Aontas Coigiltis agus Infheistíochta. An tráth céanna, tá sé tábhachtach a aithint nach ‘réiteach draíochta’ ann féin é an tAthbhreithniú Urrúsúcháin. Cuimsíonn tionscadal an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta raon leathan beart eile agus beart comhlántach chun a spriocanna a bhaint amach. Mar sin féin, tá coinne ag an gCoimisiún Eorpach leis go mbeidh institiúidí airgeadais ag gabháil do ghníomhaíocht urrúsúcháin níos mó mar thoradh ar na leasuithe ar na ceanglais neamhstuamachta agus stuamachta atá beartaithe sa phacáiste tograí seo agus, rud atá tábhachtach, go mbainfidh siad úsáid as an bhfaoiseamh caipitil a eascróidh aisti sin le haghaidh iasachtú breise.

Is é is aidhm don athbhreithniú atá beartaithe ar chreat urrúsúcháin an Aontais deireadh a chur le bacainní míchuí eisiúna agus infheistíochta i margadh urrúsúcháin an Aontais, go sonrach: (i) costais oibriúcháin mhíchuí d’eistheoirí agus d’infheistoirí a laghdú, agus cothromaíocht á baint amach idir sin agus caighdeán leordhóthanacha trédhearcachta, cosanta infheistoirí agus maoirseachta; (ii) an creat stuamachta do bhainc agus d’árachóirí a choigeartú, chun go gcuirfear rioscaí iarbhir san áireamh níos fearr agus go gcuirfear deireadh le costais stuamachta mhíchuí agus urrúsuithe á n-eisiúint agus infheistíocht á déanamh iontu, agus cobhsaíocht airgeadais á cosaint an tráth céanna.

Is é is aidhm don athbhreithniú ar chreat urrúsúcháin an Aontais deireadh a chur le bacainní míchuí a chuireann bac ar fhás agus ar fhorbairt mhargadh urrúsúcháin an Aontais, ach gan rioscaí don chobhsaíocht airgeadais, do shláine an mhargaidh ná do chosaint infheistoirí a thabhairt isteach. Chun é sin a bhaint amach, tá na hathchóirithe beartaithe spriocdhírith go cúramach chun aghaidh a thabhairt ar bhaic shonracha ar eisiúint agus ar infheistíocht (neamhbhainc). Beartaítear leis an athbhreithniú athruithe a dhéanamh ar cheithre ghníomh dlí:

- togra reachtach lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (‘an Rialachán maidir le hUrrúsú’⁷), lena leagtar amach rialacha táirgí agus rialacha iompair d’eistheoirí agus d’infheistoirí
- togra lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an ‘Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil’ nó ‘CRR’⁸), lena leagtar

⁶ https://finance.ec.europa.eu/document/download/13085856-09c8-4040-918e-890a1ed7dbf2_en?filename=250319-communication-savings-investments-union_ga.pdf

⁷ Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE agus 2011/61/AE, Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, IO L 347, 28.12.2017, lch. 35; ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2402/oj>.

⁸ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus

amach na ceanglais chaipitil le haghaidh bairne a bhfuil urrúsú ina seilbh acu nó a dhéanann infheistíocht in urrúsú, chomh maith le

- leasuithe ar dhá Rialachán tharmligthe: Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún ('an Gníomh Tarmligthe maidir leis an gCóimheas Cumhdaigh Leachtachta (LCR)'⁹), lena rialaítear na critéir incháilitheachta chun sócmhainní a áireamh i maolán leachtachta na mbanc, agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 ón gCoimisiún ('an Gníomh Tarmligthe maidir le Sócmhainneacht II (SII)'¹⁰), lena rialaítear na ceanglais chaipitil le haghaidh gnóthais árachais agus atharachais.

Is é is aidhm do na hathruithe atá beartaithe feabhsuithe spriocdhírthe a dhéanamh ar an gcreat, seachas é a leasú ó bhonn. Ba cheart breathnú ar na hathruithe sin mar phacáiste, ós rud é nach mbainfear an toradh inmhianaithe amach le haon cheann de na comhpháirteanna aonair as féin. Le heilimintí an phacáiste, tugtar aghaidh ar thaobh soláthair agus éilimh an mhargaidh araon agus treisíonn siad a chéile chun an tionchar inmhianaithe a bhaint amach. Trí cheanglais tuairiscithe a chuíchóiriú agus ceanglais chaipitil a íslíú, laghdófar bacainní iontrála agus beidh sé níos saoire do bhainc urrúsuithe a thionscnamh. Trí dhícheall cuí a shimpliú agus na muirir chaipitil agus an láimhseáil leachtachta a leasú, beidh sé níos éasca agus níos tarraingtí infheistíocht a dhéanamh in urrúsú. Le bonn infheisteoirí níos mó agus níos dinimiciúla, dreasófar eisiúint níos mó freisin. Is saincheist chasta é margadh urrúsúcháin an Aontais a athsheoladh agus ní mór athruithe a dhéanamh ar chodanna éagsúla den chreat chun soláthar agus éileamh a chothú sa mhargadh urrúsúcháin.

Ní féidir leis an rialáil aisti féin ach dul chun cinn teoranta a dhéanamh i dtéarmaí forbairt an mhargaidh seo a spreagadh: ní mór do rannpháirtithe sa mhargadh gníomhú freisin agus a gcuid féin a dhéanamh, e.g. trí ghlacadh le caighdeánú agus tionscnaimh ar fud an tionscail i dtreo deighleoga sonracha – ní bheifear in ann an margadh a mhéadú in éagmais iarrachtaí rannpháirtithe sa mhargadh.

Chuir ionchuir éagsúla bonn eolais faoin athbhreithniú sin, lena n-áirítear [tuarascáil 2020 an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh \(ÚBE\) maidir leis an aistriú riosca shuntasigh](#), [tuarascáil 2020 an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistémach \(BERS\) maidir le Faireachán a dhéanamh ar rioscaí sistémacha i margadh urrúsúcháin an Aontais](#), [Tuarascáil 2022 ón gCoimisiún maidir leis an Rialachán Urrúsúcháin](#), [comhairle 2022 ó Chomhchoiste na nÚdarás Maoirseachta Eorpach \(ÚMEnna\) maidir leis an gcreat stuamachta](#), [comhairliúchán spriocdhírthe 2024 maidir le feidhmiú chreat urrúsúcháin an Aontais](#), agus [Tuarascáil 2025 ón gComhchoiste maidir le cur chun feidhme agus feidhmiú an chreata urrúsúcháin](#). Thionóil an Coimisiún cruinnithe déthaobhacha éagsúla le páirtithe leasmhara freisin agus d'eagraigh sé ceardlann i mí Iúil 2024 chun plé a dhéanamh ar thuairimí páirtithe leasmhara faoi chreat urrúsúcháin an Aontais.

I dtéarmaí uainiú, glacann an Coimisiún na leasuithe ar an Rialachán maidir le hUrrúsú agus ar an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil in éineacht le chéile. An dáta céanna, déantar na

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj>.

⁹ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014 chun forlíonadh a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglas maidir le cumhdach leachtachta le haghaidh Institiúidí Creidmheasa IO L 11, 17.1.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/61/oj.)

¹⁰ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014 lena ndéantar forlíonadh ar Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dul i mbun ghnó an árachais agus an atharachais, agus leanúint den ghnó sin (Sócmhainneacht II) (IO L 12, 17/01/2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/35/oj)

dréachtleasuithe ar an Rialachán Tarmligthe maidir leis an gCóimheas Cumhdaigh Leachtachta a fhoilsiú ar an tairseach ‘Cloisimis uait’ le haghaidh comhairliúcháin 4 seachtaine. Áireofar na dréachtleasuithe ar Rialachán Tarmligthe Shócmhainneacht II i bpacáiste níos leithne leasuithe ar an Rialachán sin a bhfuil coinne lena bhfoilsiú le haghaidh comhairliúcháin sa dara leath de mhí Iúil na bliana seo.

Cuspóirí an togra lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (CRR)

Leis an meastóireacht ar an gcreat, le tacaíocht ó aiseolas ó pháirtithe leasmhara, léirítear (i) nach bhfuil na ceanglais urrúsúcháin stuamachta atá ann cheana, mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil nó CRR), sách íogair i leith riosca agus, de thoradh na gceanglais sin, (ii) gur ró-ard é an leibhéal ceanglas caipitil nach mór d’institiúidí creidmheasa a chomhlíonadh i dtaca lena neamhchosaintí ar urrúsú. Leis na ceanglais atá ann faoi láthair, ní aithnítear go leordhóthanach dea-fheidhmíocht chreidmheasa urrúsúcháin an Aontais ná na maolaitheoirí riosca a cuireadh chun feidhme sna creataí rialála agus maoirseachta urrúsúcháin lenar laghdaíodh go mór an riosca gníomhaireachta agus an riosca de bharr samhaltaithe atá leabaithe in idirbhearta urrúsúcháin¹¹. Cé go bhfuil údar le prionsabal na neamhneodrachta¹² i leith ceanglais chaipitil – mar cheann de phríomheilimintí sainithe an chreata caipitil urrúsúcháin le haghaidh institiúidí creidmheasa – is cosúil nach bhfuil údar a thuilleadh le méid na neamhneodrachta. Ina theannta sin, tá an iomarca coimeádachta leabaithe sa chur chuige caighdeánaithe urrúsaithe (SEC-SA), i ndearbhthearmaí agus i gcoibhneas leis an gcur chuige bunaithe ar rátálacha inmheánacha (SEC-IRBA). An easpa íogaireachta i leith riosca, feidhmíonn sí mar bhac stuamachta a dhídhreasaíonn institiúidí creidmheasa an Aontais ó bheith rannpháirteach go hiomlán sa mhargadh urrúsúcháin, go háirithe ina gcáil mar thionscnóirí urrúsúcháin, agus laghdaíonn sí an deis ag institiúidí creidmheasa an caipiteal saortha a úsáid chun níos mó iasachtaithe a chur ar fáil don gheilleagar. Laghdaíonn sé tarraingteacht an urrúsaithe mar ionstraim éifeachtach chun caipiteal agus clár chomhardaithe institiúidí creidmheasa a bhainistiú agus chun rioscaí a athdháileadh ar fud an chórais airgeadais i gcoitinne.

Leis an togra seo, tugtar isteach athruithe spriocdhírthe ar an gcreat stuamachta atá i bhfeidhm faoi láthair d’institiúidí creidmheasa chun na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach: (i) íogaireacht níos mó i leith riosca a thabhairt isteach sa chreat atá ann cheana; (ii) leibhéal neamhneodrachta caipitil nach bhfuil údar leo a laghdú; (iii) idirdhealú a dhéanamh idir

¹¹ Eascraíonn ‘riosca gníomhaireachta’ as neamhshiméadracht faisnéise agus mí-ailíniú féideartha leasanna idir tionscnóir an urrúsaithe agus an t-infheisteoir in urrúsú, cás ina bhféadfadh eolas agus tuiscint níos teoranta a bheith ag an infheisteoir ar an bpunann fholuiteach ná mar atá ag an tionscnóir. D’fhéadfadh torthaí neamh-inmhianaithe a bheith ann de dheasca an mhí-ailínithe leasa nó na neamhshiméadrachta faisnéise sin. Tagann ‘riosca de bharr samhaltaithe’ chun cinn i gcás inar mícheart nó míchruinn iad na samhlacha airgeadais a úsáidtear chun sreabhadh airgid a thuar ar leibhéal na punainne nó inar mícheart nó míchruinn iad na toimhdí atá mar bhonn taca le tráinsiú an riosca creidmheasa faoi na samhlacha sin. I gcás den sórt sin, d’fhéadfadh riosca níos mó a bheith ag baint leis an táirge urrúsaithe ná mar a bhfuil coinne leis. Rinneadh roinnt bearta rialála agus maoirseachta le blianta beaga anuas chun aghaidh a thabhairt ar an riosca de bharr samhaltaithe agus/nó ar an riosca gníomhaireachta a bhaineann le hidirbhearta urrúsúcháin, go háirithe tabhairt isteach critéar le haghaidh urrúsú simplí, trédhearcach agus caighdeánaithe (urrúsú STS), athbhreithniú spriocdhírthe ilbhliantúil an tSásra Aonair Maoirseachta ar shamhlacha inmheánacha, clár ilbhliantúil an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh dar teideal ‘Deisiú Inmheánach Bunaithe ar Rátálacha (Deisiú IRB)’, tabhairt isteach an íosráta aschuir sa phacáiste baincéireachta, an ceanglas maidir le coinneáil riosca agus an toirmeasc ar athurrúsuithe.

¹² Tá ‘neamhneodracht’ ar cheann de phrionsabail an chreata stuamachta urrúsúcháin, ar dá réir nach mór an méid caipitil a cheanglaítear le haghaidh an idirbhearta urrúsúcháin a bheith i bhfad níos airde ná an caipiteal a cheanglaítear le haghaidh na neamhchosaintí neamhurrúsaithe foluiteacha.

tionscnoirí/urraitheoirí agus infheisteoirí maidir le láimhseáil stuamachta urrúsuithe; (iv) neamhréireachtaí míchuí idir an cur chuige caighdeánaithe (SEC-SA) agus an cur chuige bunaithe ar rátálacha inmheánacha (SEC-IRBA) a mhaolú chun ceanglais chaipitil le haghaidh urrúsuithe a ríomh; agus (iv) an creat um aistriú riosca shuntasaigh a dhéanamh níos láidre agus níos intuatha.

Is leis an dá réimse seo a leanas a bhaineann na leasuithe atá beartaithe ar CRR: (i) calabrá an dá phríomhpharaiméadar lena socraítear an leibhéal neamhneodrachta, a úsáidtear i ríomhanna caipitil rialála chun rioscaí fréimhíochta urrúsúcháin a ghabháil, i.e. an íostearainn ualaigh riosca do shuíomhanna urrúsúcháin sinsearach, agus fachtóir (p), agus (ii) an creat um aistriú riosca shuntasaigh. Moltar roinnt leasuithe teicniúla breise chun aghaidh a thabhairt ar neamhréireachtaí teicniúla áirithe sa chreat, mar a mholtar i dtuarascáil 2022 ó Chomhchoiste na nÚdarás Maoirseachta Eorpach, agus mar a mhol na páirtithe leasmhara i gcomhairliúchán an Choimisiúin.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Na hathbhreithnithe ar láimhseáil caipitil rialála le haghaidh urrúsuithe in CRR, is cuid de phacáiste reachtach níos leithne iad lena n-áirítear leasuithe ar an Rialachán maidir le hUrrúsú, ar an nGníomh Tarmligthe maidir leis an gCóimheas Cumhdaigh Leachtachta agus ar Ghníomh Tarmligthe Shócmhainneacht II. Rinneadh na hathruithe atá beartaithe a dhréachtú chun comhsheasmhacht ar fud na bpíosaí éagsúla reachtaíochta a áirithiú agus aird á tabhairt ar an gcuspoir ginearálta céanna.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Is píosa amháin de thacar beart é an tionscnamh chun an tAontas Coigiltis agus Infheistíochta a chothú agus chun é a dhéanamh níos athléimní agus níos comhtháite. Tá an togra comhsheasmhach freisin le cuspoir an Aontais go gcosnófar cobhsaíocht airgeadais trí íogaireacht níos mó i leith riosca a thabhairt isteach sa chreat agus trína áirithiú go n-oibríonn margaí urrúsúcháin ar bhealach trédhearcach, stuama agus athléimneach.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 114(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') bunús dlí an togra seo. Leis an Airteagal seo, cumhachtaítear do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle bearta a ghlacadh chun dlíthe, rialacháin agus gníomhaíochtaí riaracháin na mBallstát a bhaineann le bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chomhfhogasú.

Is é is aidhm don togra seo leasú a dhéanamh ar fhorálacha CRR a bhaineann leis an gcreat stuamachta le haghaidh institiúidí creidmheasa. Is é is aidhm don togra seo na rialacha is infheidhme go haonfhoirmeach agus go díreach maidir leis na hinstitiúidí sin a fheabhsú, lena n-áirítear rialacha maidir le ceanglais chaipitil le haghaidh a suíomhanna urrúsúcháin. Leis an gcomhchuibhiú sin, áiritheofar cothrom iomaíochta d'institiúidí creidmheasa an Aontais agus méadófar muinín i gcobhsaíocht institiúidí ar fud an Aontais, lena n-áirítear i ndáil lena ngníomhaíocht mar thionscnoirí, urraitheoirí nó infheisteoirí i margaí urrúsúcháin.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Is le dlí an Aontais amháin is féidir a áirithiú go mbeidh an láimhseáil caipitil rialála le haghaidh urrúsuithe mar an gcéanna i gcás na n-institiúidí creidmheasa uile a oibríonn i níos mó ná Ballstát amháin. Le ceanglais caipitil rialála chomhchuibhithe, áirithítear cothrom iomaíochta, laghdaítear castacht rialála, seachnaítear costais chomhlíontachta gan údar i gcás

gníomhaíochtaí trasteorann agus cuirtear comhtháthú breise an mhargaidh inmheánaigh chun cinn. Lena chois sin, áirithíonn gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais Eorpaigh go mbeidh ardleibhéal cobhsaíochta airgeadais i bhfeidhm ar fud an Aontais. Ar na cúiseanna sin, leagtar síos ceanglais caipitil rialála le haghaidh urrúsuithe in CRR agus is trí bhíthin leasuithe ar an Rialachán sin agus tríothu sin amháin a bhainfí amach an cuspóir atáthar a lorg leis an togra seo. Dá réir sin, comhlíonann an togra seo prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 5 CFAE.

- **Comhréireacht**

Leis an togra seo, ní dhéantar leasuithe spriocdhírthe ar CRR ach amháin i gcás ina bhfuil gá leis na hathruithe sin chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a dtugtar tuairisc orthu thuas agus a ndéantar anailís orthu sa mheasúnú tionchair. Tá an chomhréireacht ina cuid dhílis den mheasúnú tionchair atá ag gabháil leis an togra. Na leasuithe atá beartaithe i gcodanna éagsúla den phacáiste reachtach, rinneadh measúnú aonair orthu in aghaidh chuspóir na comhréireachta.

- **An rogha ionstraime**

Is leasú ar CRR é an togra seo agus, dá bhrí sin, is Rialachán é freisin. Ní féidir úsáid a bhaint as modhanna eile – modhanna reachtacha ná modhanna oibríochtúla – chun cuspóirí an togra seo a bhaint amach.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Rinne an Coimisiún meastóireacht ar chreat urrúsúcháin an Aontais go ginearálta, mar chuid den mheasúnú tionchair. Cumhdaítear go sonrach sa mheastóireacht freisin an creat stuamachta urrúsúcháin in CRR (mar a leagtar amach i gCaibidil 5 de Theideal II nó i gCuid III de CRR). Cumhdaítear leis an tréimhse ó theacht i bhfeidhm na leasuithe a tugadh isteach mar chuid den chreat urrúsúcháin (1 Eanáir 2019) go dtí an t-am atá anois ann. I gcomhréir leis an mBosca Uirlisí um Rialáil Níos Fearr, scrúdaítear sa mheastóireacht ar baineadh amach cuspóirí an chreata urrúsúcháin le linn na tréimhse sin (éifeachtacht), an bhfuil na cuspóirí fós iomchuí (ábharthacht) agus an raibh an creat éifeachtúil maidir lena chuspóirí a bhaint amach (éifeachtúlacht) agus na costais agus na tairbhí á gcur san áireamh. Breithnítear sa mheastóireacht freisin ar chuir an creat urrúsúcháin, i bhfoirm reachtaíocht ar leibhéal an Aontais, ‘breisluach Eorpach’ ar fáil agus an bhfuil sé comhsheasmhach le píosáí gaolmhara eile reachtaíochta (comhleanúnachas).

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht go bhfuil gá le leasuithe chun a áirithiú go mbeidh urrúsú in ann rannchuidiú go fóinteach le feabhas a chur ar mhaoiniú gheilleagar an Aontais agus le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta. Níl an creat stuamachta le haghaidh institiúidí creidmheasa sách íogair i leith riosca agus tá an ‘neamhneodracht’ caipitil díréireach ard i gcás suíomhanna urrúsúcháin áirithe. Dá bhrí sin, chun aghaidh a thabhairt ar bhaic stuamachta mhíchuí, is gá athbhreithniú a dhéanamh ar láimhseáil stuamachta urrúsuithe do bhainc.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

An 3 Iúil 2024, bhí an Coimisiún ina óstach do Cheardlann Urrúsúcháin, lenar iarradh ar ionadaithe ón tionscal baincéireachta/ó chomhlachais bhaincéireachta agus ar Aireachtaí, ar Údaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna), ar Shásra Aonair Maoirseachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh, ar an mBanc Eorpach Infheistíochta agus ar árachóirí, bainisteoirí sócmhainní, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus cistí pinsin a dtuairimí a roinnt.

Rinneadh comhairliúchán poiblí spriocdhírthe maidir le feidhmiú chreat urrúsúcháin an Aontais idir an 9 Deireadh Fómhair 2024 agus an 4 Nollaig 2024. Fuarthas 133 fhreagra ó pháirtithe leasmhara éagsúla¹³. Roinneadh an comhairliúchán ina dhá roinn déag lenar féachadh le tuairimí a bhailiú ó raon leathan páirtithe leasmhara atá gníomhach i margadh urrúsúcháin an Aontais maidir le cé acu ar chomhlíon nó nár chomhlíon an Creat Urrúsúcháin a chuspóirí i dtéarmaí sábháilteacht margaidh, laghdú costas oibriúcháin agus íogaireacht i leith riosca stuamachta agus an leanann sé de na cuspóirí sin a chomhlíonadh. Baineadh úsáid as an gcomhairliúchán freisin chun aiseolas a bhailiú maidir le hoibriú an chaighdeáin i ndáil le hurrúsú STS, maidir le héifeachtacht maoirseachta agus maidir leis an ionchas go mbeadh ardán (ardáin) urrúsúcháin ann amach anseo. Ina theannta sin, réachtáil an Coimisiún sraith cruinnithe déthaobhacha le raon leathan páirtithe leasmhara a dheimhnigh an t-aiseolas a fuarthas cheana.

Léirítear sa mheastóireacht ar an gcreat urrúsúcháin an t-aiseolas a bailíodh le linn an chomhairliúcháin sin.

Osclaíodh glao ar fhianaise idir an 19 Feabhra 2025 agus an 26 Márta 2025¹⁴ chun aiseolas a iarraidh ar pháirtithe leasmhara maidir leis an athbhreithniú ar an gCreat Urrúsúcháin. Iarradh ar pháirtithe leasmhara tuairimí a chur in iúl maidir le tuiscint an Choimisiúin ar an bhfadhb agus na réitigh fhéideartha, agus faisnéis ábhartha a sholáthar. Thug 34 fhreagróir freagra ar an nglao ar fhianaise agus chuir siad a dtuairimí i láthair¹⁵. As na 34 fhreagróir sin, thug 26 cinn acu¹⁶ freagra ar chomhairliúchán spriocdhírthe 2024 freisin, agus bhí a dtuairimí fós mórán mar an gcéanna. Bhí na pointí a rinne freagróirí céaduaire comhsheasmhach freisin leis an aiseolas a fuarthas roimhe sin ón gcomhairliúchán spriocdhírthe.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Chuaigh ionchur forleathan ó shaineolaithe, lena n-áirítear comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, cruinnithe, agus obair anailíseach a rinne na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, chun tairbhe d'ullmhú an togra seo. Cuirtear san áireamh sa togra comhairle Chomhchoiste ÚMEnna maidir leis an athbhreithniú ar an gcreat stuamachta urrúsúcháin, a foilsíodh i mí na Nollag 2022 mar fhreagairt ar ghlaó an Choimisiúin Eorpaigh ar chomhairle i mí Dheireadh Fómhair 2021. Rinneadh measúnú i dtuarascáil an Chomhchoiste ar fheidhmíocht na rialacha maidir le ceanglais chaipitil (le haghaidh institiúidí creidmheasa, gnóthais árachais agus atharachais) agus ceanglais leachtachta (le haghaidh institiúidí creidmheasa) i ndáil le cuspóir bunaidh an chreata rannchuidiú le hathbheochan fhónta chreat urrúsúcháin an Aontais.

¹³ Le fáil ag https://finance.ec.europa.eu/regulation-and-supervision/consultations-0/targeted-consultation-functioning-eu-securitisation-framework-2024_en

¹⁴ Urrúis agus margáí - athbhreithniú ar an gCreat Urrúsúcháin (europa.eu)

¹⁵ Thug freagróir amháin dhá fhreagra ar leithligh (a bhí comhchosúil go substainteach); chuir freagróir eile trí fhreagra ar leithligh isteach. Dá bhrí sin, fuarthas 37 bhfreagra, ó 34 fhreagróir aonair.

¹⁶ Is iad seo a leanas a bhí i measc na bhfreagróirí a d'fhreagair an comhairliúchán spriocdhírthe cheana féin: 7 gcuideachta/ngnólacht, 15 chomhlachas gnó, 2 eagraíocht neamhrialtasacha (ENRanna), 2 fhreagróir a sainithníodh mar fhreagróirí 'eile'

Cuirtear san áireamh sa togra freisin an chomhairle i dtuarascáil 2020 ón Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) maidir le haistriú riosca shuntasaigh (SRT) in urrúsú, ar sainordaidh do ÚBE a thabhairt ar aird faoi Airteagail 244(6) agus 245(6) CRR. Agus torthaí phlépháipéar ÚBE maidir le SRT a foilsíodh in 2017 á gcur san áireamh, chomh maith le tuilleadh anailíse bunaithe ar an athbhreithniú ar chleachtais mhargaidh SRT agus ar na cineálacha cur chuige maoirseachta maidir le measúnuithe SRT, áiríodh sa tuarascáil tacar moltaí mionsonraithe don Choimisiún Eorpach maidir le cleachtais agus próisis mheasúnaithe SRT a chomhchuibhiú.

Chuathas i gcomhairle leis na húdaráis náisiúnta faoi chuimsiú Mheitheal an Ghrúpa Euro+ (EWG+), Choiste na Comhairle um Sheirbhísí Airgeadais (FSC) agus Shainghrúpa an Choimisiúin maidir le Baincéireacht, Íocaíochtaí agus Árachas (EGBPI). Thug roinnt Ballstát freagra freisin ar an gComhairliúchán Spriocdhírthe trína n-aireachtaí airgeadais agus chuaigh siad i dteagmháil go déthaobhach leis an gCoimisiún.

• **Measúnú tionchair**

Rinneadh measúnú tionchair le haghaidh an togra seo lenar gcumhdaíodh an pacáiste reachtach iomlán i.e. lena n-áirítear na leasuithe ar an Rialachán maidir le hUrrúsú, ar an nGníomh Tarmilgthe maidir leis an gCóimheas Cumhdaigh Leachtachta (LCR) agus ar Ghníomh Tarmilgthe Shócmhainneacht II.

Léirítear go soiléir sa mheasúnú tionchair na tairbhí i dtéarmaí a éifeachtúla agus a éifeachtaí atá sé athruithe spriocdhírthe a thabhairt isteach ar na híosteorainneacha ualaigh riosca, ar fhachtóir (p) agus ar an gcreat um aistriú riosca shuntasaigh in CRR. Tá coinne leis go laghdóidh na tograí go héifeachtach baic stuamachta mhíchuí ar institiúidí creidmheasa a bheith ag gabháil don urrúsú. Tá coinne leis freisin go méadóidh siad inmharthanacht eacnamaíoch an urrúsaithe mar uirlis aistrithe riosca. Trí roinnt de na príomhbhacainní iontrála roimh institiúidí creidmheasa nua an Aontais a mhaolú, tá coinne leis go mbeidh an t-urrúsú níos inrochtana ag líon níos mó institiúidí creidmheasa ar fud an Aontais. Ba cheart é sin a bheith ina chuidiú le cumas chóras baincéireachta an Aontais creidmheasa a sholáthar don gheilleagar agus maoiniú a sholáthar do ghnólachtaí nua a neartú. Ar an iomlán, ós rud é nach moltar leis na bearta bunleasú ó bhonn a dhéanamh ar na modhanna a úsáideann na bainc chun caipiteal a ríomh, is éard atá i gceist leo na córais agus na paraiméadair atá ann cheana a oiriúnú agus an creat a dhéanamh níos íogaire i leith riosca – tá coinne leis, dá bhrí sin, go mbeidh na costais teoranta. Tá coinne leis go mbeidh roinnt costas ar údaráis inniúla as a modheolaíochtaí a oiriúnú, go háirithe mar thoradh ar athruithe ar an gcreat SRT. Ar an iomlán, áfach, dhéanfaí na próisis mhaoirseachta a shimpliú. Tá raon feidhme spriocdhírthe ag na tograí, tá sé d'aidhm acu a áirithiú go n-imreofar tionchar dearfach ar mhargadh urrúsúcháin an Aontais amach anseo agus tá sé d'aidhm acu tacú le hiomaíochas idirnáisiúnta institiúidí creidmheasa an Aontais.

Díríonn na bearta ar dhreasachtaí eacnamaíocha trí dheireadh a chur le baic stuamachta mhíchuí. Mar sin féin, le creat rialála níos simplí, níos íogaire i leith riosca agus níos comhréirí, tá coinne leis go ndreasófar institiúidí creidmheasa chun níos mó idirbhearta urrúsúcháin a eisiúint agus go méadófar an méid faoisimh caipitil dá réir, agus tá coinne leis gurb éard a thiocfaidh chun cinn dá bharr sin iasachtú breise do ghnólachtaí agus do theaghlaigh an Aontais.

Cuireadh an measúnú tionchair faoi bhráid an Bhoird um Ghrinnschrúdú Rialála agus rinne an Bord scrúdú air an 9 Aibreán 2025.

Thug an Bord tuairim dhearfach ach bhí roinnt agús léi, agus é á thabhairt dá aire gur sainaithníodh líon teoranta easnamh ar ghá aghaidh a thabhairt orthu sa mheasúnú tionchair

deiridh. D'iarr an Bord go mbeadh ionchur breise i réimsí áirithe, lena n-áirítear tuilleadh mionsonraí maidir le hábhar na n-athruithe ar an gcreat stuamachta agus anailís chomparáideach chuí-réasúnaithe ar rioscaí cobhsaíochta airgeadais a bhaineann leis na hathruithe ar an gcreat stuamachta. Tugadh aghaidh ar na saincheistanna sin agus ionchorpraíodh iad sa leagan deiridh atá le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Cuirtear sraith mionchoigeartuithe chun cinn sa togra chun comhréireacht an chreata stuamachta urrúsúcháin atá ann cheana agus a íogaireacht i leith riosca a fheabhsú. Déanann roinnt eilimintí den togra simpliú ar cheanglais throma áirithe agus fágann siad an creat níos comhsheasmhaí agus níos intuatha. Tugann roinnt eilimintí eile, go háirithe iad siúd a mhéadaíonn an íogaireacht i leith riosca, castacht bhreise isteach sa chreat. Tá sé sin dosheachanta, áfach, chun stuamacht an chreata a choinneáil ar bun agus cobhsaíocht airgeadais a chur chun cinn; leis an íogaireacht a tugadh isteach i leith riosca, ní féidir na ceanglais chaipitil a laghdú ach amháin i ndáil le hidirbhearta ar laghdaíodh rioscaí ina leith. Tá teorainn leis an gcastacht bhreise, áfach. Ar deireadh, i bhfianaise na n-athruithe uile atá beartaithe i gcomhthéacs an chreata urrúsúcháin fhoriomláin, tá an creat á shimpliú agus tá coinne leis go dtiocfaidh éifeachtúlacht níos fearr chun cinn laistigh den mhargadh urrúsúcháin dá bharr.

- **Ceartha bunúsacha**

Níl aon iarmhairt ag an togra seo maidir le cosaint na gceart bunúsach.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar dlúthfhaireachán ar thionchar an chreata nua i gcomhar le ÚBE agus leis na húdaráis mhaoirseachta inniúla. Beidh an faireachán bunaithe ar na socruithe tuairiscithe maoirseachta agus na ceanglais nochta ag institiúidí dá bhforáiltear in CRR, agus beidh sé ina chuid den mhaoirseacht leanúnach agus de na measúnuithe maoirseachta ar an aistriú riosca shuntasigh.

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht freisin ar an bpacáiste leasuithe atá beartaithe, 4 bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm, agus cuirfidh sé tuarascáil maidir lena phríomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Déanfar an mheastóireacht i gcomhréir le Treoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr. Beidh sé bunaithe ar liosta táscairí sonracha intomhaiste atá ábhartha do chuspóir an athchóirithe, mar a chuirtear i láthair sa mheasúnú tionchair freisin. Chun an tuarascáil mheastóireachta a ullmhú, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le ÚBE agus tabharfaidh sé sainordú freisin do na húdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, don Bhanc Ceannais Eorpach/don Sásra Aonair Maoirseachta agus do na Ballstáit sonraí a bhailiú chun na táscairí a ríomh iad a thuairisciú don Choimisiún.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Idirghníomhaíocht agus comhsheasmhacht i measc eilimintí an phacáiste

An togra seo le haghaidh Rialacháin, tá sé ina chuid d'athbhreithniú urrúsúcháin níos leithne lena gcuimsítear athruithe ar dhá Rialachán (i dteannta CRR, an Rialachán maidir le hUrrúsú)

agus ar dhá Ghníomh Tharmligthe (an Gníomh Tarmligthe maidir leis an gCóimheas Cumhdaigh Leachtachta agus Gníomh Tarmligthe Shócmhainneacht II). Ba cheart breathnú ar na hathruithe atá beartaithe mar phacáiste beart lena dtéitear i ngleic ar bhealach cuimsitheach le saincheisteanna soláthair agus éilimh sa mhargadh urrúsúcháin.

Leasuithe ar na híosteorainneacha ualaigh riosca do shuíomhanna sinsearach

Is éard is íosteorainneacha ualaigh riosca ann íosualáí riosca nach mór d'institiúidí creidmheasa a eisíonn urrúsú agus a dhéanann infheistíocht in urrúsú a chur i bhfeidhm maidir lena neamhchosaintí ar urrúsú, fiú más ualach riosca níos lú a thugtar le fios leis na ríomhanna ceanglas caipitil faoi chur chuige SEC-SA agus cur chuige SEC-IRBA. Áirithíonn siad bunleibhéal ceanglas caipitil. An creat atá ann faoi láthair, tá sé measartha neamhíogair i leith riosca toisc nach gceadaítear leis ach dhá íosteorainn ualaigh riosca sheasta do shuíomhanna sinsearach: íosteorainn ualaigh riosca 10 % don neamhchosaint ar shuíomh sinsearach d'idirbhearta simplí trédhearcacha caighdeánaithe (STS), agus íosteorainn ualaigh riosca 15 % don neamhchosaint ar shuíomh sinsearach d'idirbhearta neamh-STS.

Tugtar isteach leis an togra coincheap nua na híosteorann ualaigh riosca atá íogair i leith riosca, ina bhfuil na híosteorainneacha ualaigh riosca do shuíomhanna urrúsúcháin sinsearach comhréireach lena rioscúla atá an comhthiomsú foluiteach neamhchosaintí (i.e. lena mheánualáí riosca). Méadaíonn sé sin go mór íogaireacht an chreata caipitil urrúsúcháin i leith riosca agus laghdaíonn sé na dídhreasachtaí atá ann cheana maidir le hurrúsú punann a bhfuil ualáí ísle riosca ag baint leo. Chun íosteorainneacha ualaigh riosca ró-íseal a chosc agus chun comhsheasmhacht le caighdeáin idirnáisiúnta a chaomhnú, ba cheart na híosteorainneacha ualaigh riosca arna ríomh faoin bhfoirmle riosca-íogair sin a bheith faoi réir íosleibhéil.

Agus an íosteorainn ualaigh riosca do shuíomhanna sinsearach á ríomh, úsáidtear scálach éagsúil le haghaidh gach ceann díobh chun idirdhealú a dhéanamh idir urrúsuithe STS agus urrúsuithe neamh-STS, chun a léiriú gur fearr cáilíocht bhunúsach urrúsuithe STS lena ngabhann tacar critéar mionsonraithe STS agus maoirseacht thiomnaithe. Calabraíodh na scálaigh chun torthaí idir measartha agus uailmhianach a bhaint amach i dtéarmaí ceanglais chaipitil a laghdú, agus torthaí stuama á gcoimeád an tráth céanna.

Leasuithe ar fhachtóir (p)

Is paraiméadar é fachtóir (p) a thiomáineann 'neamhneodracht' na gceanglas caipitil urrúsúcháin le haghaidh neamhchosaintí ar urrúsú atá i seilbh institiúidí creidmheasa. Tá sé ar cheann de na paraiméadair a úsáidtear sna foirmle chun ualuithe riosca urrúsúcháin a ríomh, agus méadaíonn sé an méid caipitil le haghaidh suíomhanna urrúsúcháin os cionn an mhéid a bheadh ag teastáil le haghaidh na neamhchosaintí foluiteacha mura n-urrúsófaí iad. Ba cheart fachtóir (p) de luach 1 a léirmhíniú mar cheanglas caipitil atá 100 % níos airde nó mar dhúbailt ar an gceanglas caipitil le haghaidh gach suímh urrúsúcháin, i gcomparáid le ceanglas caipitil na sócmhainní neamhurrúsaithe foluiteacha, agus is é an toradh a bhíonn ar fhachtóir (p) de luach 0,3 ceanglas caipitil atá 30 % níos airde. Ní ann d'fhachtóir (p) ach amháin sna cineálacha cur chuige bunaithe ar fhoirmle (SEC-IRBA agus SEC-SA) agus ní ann dó i gcur chuige SEC-ERBA bunaithe ar rátáil sheachtrach (i gcás ina sonraítear ualáí riosca go díreach i dtábla a shainítear in CRR, chun go mbeidh siad ina 'scáthán' ar na hualáí riosca a ríomhtar faoi fhoirmle SEC-SA).

Ceann de na príomhthátail ón meastóireacht ar an gcreat atá ann faoi láthair agus ón gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara is ea go bhfuil leibhéil fhachtóir (p) ró-ard agus go mbíonn leibhéil róchaipitlithe gan údar ann dá ndeasca i gcás roinnt idirbhearta urrúsúcháin. Ina theannta sin, tá an neamhneodracht ceanglas caipitil an-ard faoi chur chuige SEC-SA agus

ina cúis le difríochtaí gan údar idir na ceanglais chaipitil a ríomhtar faoi chur chuige SEC-IRBA agus cur chuige SEC-SA.

Ba cheart, dá bhrí sin, leasuithe spriocdhírthe a thabhairt isteach ar fhachtóir (p) faoi chur chuige SEC-IRBA agus cur chuige SEC-SA, chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) níos mó íogaireacht i leith riosca a thabhairt isteach; (ii) aghaidh a thabhairt ar leibhéil iomarcacha neamhneodrachta; (iii) coimeádacht iomarcach chur chuige SEC-SA a laghdú; (iv) cloí le prionsabal ordlathas na gcineálacha cur chuige (i.e. gur cheart, mar phrionsabal, ceanglais chaipitil níos ísle a bheith mar thoradh ar chur chuige SEC-IRBA ag barr an ordlathais ná mar a bheadh mar thoradh ar chur chuige SEC-SA i lár an ordlathais agus ba cheart na torthaí is coimeádaí teacht as cur chuige SEC-ERBA ag bun an ordlathais).

Dá bhrí sin, leis na leasuithe spriocdhírthe déantar idirdhealú idir suíomhanna in urrúsuithe STS agus neamh-STs, idir suíomhanna tionscnóirí/urraitheoirí agus infheisteoirí, agus idir suíomhanna sinsearacha agus neamhshinsearacha. Go ginearálta, leis na laghduithe ar fhachtóir (p) dírithe ar shuíomhanna sinsearacha, ar shuíomhanna tionscnóirí/urraitheoirí agus ar urrúsuithe STS. I bhfocail eile, níor cheart neamhchosaintí infheisteoirí in urrúsuithe neamh-STs agus i suíomhanna neamhshinsearacha urrúsuithe STS a bheith ag tairbhiú d'fhachtóir laghdaithe (p), toisc nach bhfuil infheistíochtaí institiúidí creidmheasa i suíomhanna neamhshinsearacha urrúsúcháin inmhianaithe agus nár cheart tacú leo.

Faoi SEC-IRBA, i gcás ina gceanglaítear leis an gcreat go ríomhfar fachtóir (p) bunaithe ar fhoirmle shonrach, moltar go mbeidh fachtóir (p) faoi réir fachtóir scálúcháin laghdaithe, íosteorainn laghdaithe agus faoi réir uasteorainn nua arna tabhairt isteach. Tá na hathruithe sin dírithe ar na suíomhanna sinsearacha. Cé is moite de na hathruithe a mhínítear thuas (ar an uasteorainn, ar an íosteorainn agus ar an bhfachtóir scálúcháin), níl aon athrú ar an bhfoirmle chun fachtóir (p) a ríomh faoi SEC-IRBA.

Faoi SEC-SA, ina leagtar amach leibhéil chothroma fhachtóir (p) sa chreat, agus gan idirdhealú a dhéanamh ach idir urrúsuithe STS agus urrúsuithe neamh-STs amháin, moltar fachtóir (p) a laghdú le haghaidh suíomhanna sinsearacha.

Faoi SEC-ERBA, athchalabraíodh na hualaí riosca sna táblaí cuardaigh, chun léiriú a thabhairt ar na hathruithe atá beartaithe ar an íosteorainn ualaigh riosca agus ar fhachtóir (p) faoi chur chuige SEC-IRBA agus cur chuige SEC-SA, agus ordlathas na gcineálacha cur chuige á choinneáil ar bun an tráth céanna (i.e. ionas go gcoinneofar ar bun an prionsabal gur cheart na torthaí is coimeádaí a bheith de thoradh ar SEC-ERBA as measc na dtrí chineál cur chuige). Chun léiriú a thabhairt ar thabhairt isteach na híosteorann ualaigh riosca atá íogair i leith riosca, ní mór an fhoirmle lena ríomhtar an íosteorainn ualaigh riosca atá íogair i leith riosca a ionchorprú sna táblaí cuardaigh, le haghaidh na suíomhanna ag a bhfuil na céimeanna cáilíochta creidmheasa is airde (CQSanna) ar dócha go rachaidh siad i dteagmháil leis na hualaí riosca is ísle. Dá bhrí sin, ba cheart d'fhoirmle na híosteorann ualaigh riosca na hualaí riosca nuashonraithe sna táblaí cuardaigh a shárú, má sholáthraíonn sí torthaí níos airde. Mura féidir le bainc K_A ¹⁷ a ríomh (toisc nach féidir leo paraiméadar w a fháil chun K_A a ríomh, mar shampla), ní mór dóibh na hualaí riosca atá ann faoi láthair a úsáid, is iad sin 10 % i gcás urrúsuithe STS nó 15 % i gcás urrúsuithe neamh-STs. Déantar é sin chun an riosca arbatráiste rialála a sheachaint, i gcás ina mbeadh na hualaí riosca a leanfadh as SEC-ERBA le haghaidh na suíomhanna sin a bhfuil na céimeanna cáilíochta creidmheasa is airde acu níos ísle ná na hualaí riosca a bheadh ann faoi na cineálacha cur chuige bunaithe ar fhoirmle (SEC-IRBA agus SEC-SA) (i gcás inar gá an fhoirmle a úsáid chun an íosteorainn ualaigh riosca a ríomh).

¹⁷ Ciallaíonn K_A muirear caipitil le haghaidh na neamhchosaintí foluiteacha in urrúsú, arna choigeartú chun feidhmíocht dhíobhálach a léiriú, agus úsáid á baint as an gcreat caighdeánaithe.

Ar an iomlán, is é is aidhm do na hathruithe atá beartaithe torthaí stuama a choinneáil ar bun agus ábhair inní ÚBE agus maoirseachta go bhféadfadh tearc-chaipitliú na suíomhanna mezzanine agus éifeachtaí aille a bheith mar thoradh ar laghdú fhachtóir (p) a chur san áireamh (i.e. cás inarb é a leanfadh as athruithe beaga ar fhachtóir (p) athruithe móra ar na ceanglais chaipitil agus difríochtaí móra idir na ceanglais chaipitil le haghaidh suíomhanna éagsúla).

Suíomhanna athléimneacha

Ina theannta sin, mar fhorbairt ar na tograí sa chomhairle ó Chomhchoiste 2022 maidir leis an athbhreithniú ar an gcreat stuamachta urrúsúcháin, tugtar isteach leis an togra coincheap nua na suíomhanna urrúsúcháin athléimneacha. Is suíomhanna sinsearach in urrúsuithe iad na suíomhanna urrúsúcháin athléimneacha a chomhlíonann tacar critéar incháilitheachta lena n-áirithítear riosca íseal gníomhaireachta agus riosca íseal de bharr samhaltaithe agus cumas láidir ionsúcháin caillteanais do na suíomhanna sinsearach. Cuireann na critéir incháilitheachta le moltaí an Chomhchoiste. Oiriúnaítear iad chun cuid níos mó de na suíomhanna ar an margadh urrúsúcháin a ghabháil, agus torthaí stuama á n-áirithiú an tráth céanna.

Is iad seo a leanas na ceanglais:

- Riosca laghdaithe gníomhaireachta agus riosca laghdaithe de bharr samhaltaithe. Níl incháilithe ach suíomhanna urrúsúcháin ar gné díobh riosca laghdaithe gníomhaireachta agus riosca laghdaithe de bharr samhaltaithe. Áirítear orthu sin (i) suíomhanna tionscnóirí, in urrúsuithe STS agus neamh-STs araon (ós rud é go bhfuil eolas níos mionsonraithe agus rialú ag tionscnóirí ar na neamhchosaintí foluiteacha agus ar an bpróiseas tionscnaimh urrúsúcháin ná mar atá ag infheisteoirí); (ii) suíomhanna urraitheoirí, in urrúsuithe STS agus neamh-STs araon (ós rud é go bhfuil rochtain ag urraitheoirí ar níos mó faisnéise ná mar atá ag infheisteoirí agus is lú a rioscaí gníomhaireachta ná na rioscaí a bhaineann le suíomhanna infheisteoirí); agus (iii) suíomhanna infheisteoirí - in urrúsuithe STS amháin (toisc go maolaíonn critéir STS an riosca gníomhaireachta agus an riosca de bharr samhaltaithe den chuid is mó). Eisiatar suíomhanna infheisteoirí in urrúsuithe neamh-STs toisc nach laghdaítear an riosca gníomhaireachta ná an riosca de bharr samhaltaithe.
- Sásra amúchta. Ní cheadaítear ach amúchadh seicheamhach, nó amúchadh *pro rata*, ar choinníoll go n-áirítear san idirbheart truíc a bhaineann le feidhmíocht lena gceanglaítear aistriú chuig amúchadh seicheamhach. Is é is aidhm dó sin feabhsú creidmheasa coimeádach a áirithiú don suíomh sinsearach i gcaitheamh shaolré an idirbhirt. Is critéir STS iad sin atá ann cheana. Dá bhrí sin, ní mór don urrúsú traidisiúnta an critéir STS atá ann cheana a shainítear in Airteagal 21(5) de Rialachán (AE) 2017/2402 agus an treoraíocht bhreise a sholáthraítear i dTreoirlínte ÚBE maidir le hurrúsú neamh-ABCP EBA/GL/2018/09 a chomhlíonadh. Ní mór d'urrúsú sintéiseach an critéir STS atá ann cheana a shainítear in Airteagal 26c(5) de Rialachán (AE) 2017/2402 a chomhlíonadh, mar aon leis an treoraíocht a sholáthraítear i dTreoirlínte ÚBE maidir leis na critéir STS le haghaidh urrúsú laistigh den chlár comhardaithe EBA/GL/2024/05, agus ceanglais Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/920 maidir le truíc a bhaineann le feidhmíocht.
- Comhchruinniú/gráinneacht. Ní mór na neamhchosaintí sa chomhthiomsú a bheith i gcomhréir leis an uasteorainn chomhchruinnithe 2 %, i.e. ní fhéadfaidh neamhchosaintí ar oibleagáideoir aonair a bheith níos mó ná 2 % den luach comhiomlán neamhchosanta. Éascaíonn comhthiomsú gráinneach éagsúlú riosca níos airde, laghdaíonn sé go ginearálta an dóchúlacht go dtarlóidh mainneachtain

chomhghaolaithe agus is fearr mar a chosnaíonn sé an suíomh sinsearach ar riosca caillteanas.

- Riosca creidmheasa contrapháirtí (ábhartha d'idirbhearta sintéiseacha amháin). Ní cheadaítear ach cosaint chreidmheasa a dtacaíonn comhthaobhacht ardcháilíochta léi nó cosaint chreidmheasa i bhfoirm ráthaíochtaí arna soláthar ag eisitheoirí ceannasacha nó ag fornáisiúnaigh. Laghdaíonn sé sin riosca creidmheasa an chontrapháirtí a bhaineann leis an gcosaint chreidmheasa ar a bhfuil an tionscnóir neamhchosanta, cuireann sé ar a chumas don tionscnóir na caillteanais arna dtabhú i struchtúir SRT a chúiteamh go tapa agus rannchuidíonn sé le héifeachtacht an aistrithe riosca. Is é is fócas don cheanglas sin an tionscnóir (agus neamhchosaint an tionscnóra ar an suíomh sinsearach) a chosaint, ós gnách gurb é an tionscnóir a choinníonn an suíomh sinsearach in urrúsuithe sintéiseacha.
- Feabhsú creidmheasa íosta (i.e. uastiús) an tsuímh shinsearaigh. Is é is aidhm don cheanglas sin a áirithiú go mbeidh suíomhanna neamhsinsearacha sách tiubh ann chun an suíomh sinsearach a chosaint ar chaillteanais fhéideartha. Tugtar isteach foirmle shonrach chun íospointe astaithe an tsuímh shinsearaigh a ríomh faoi chur chuige SEC-IRBA. Tá sé sin comhsheasmhach den chuid is mó le hionchais an tSásra Aonair Maoirseachta i gcomhthéacs na measúnuithe maoirseachta SRT. Maidir le cur chuige SEC-SA agus cur chuige SEC-ERBA, tugtar isteach foirmle ar leithligh atá níos éasca a chur chun feidhme agus a sheachnaíonn castachtaí maidir le cur i bhfeidhm na foirmle a chuirtear i bhfeidhm faoi chineálacha cur chuige SEC-IRBA (mar shampla, castachtaí i ríomh na gcaillteanas ionchasach saoil faoin gcur chuige caighdeánaithe). San fhoirmle chun an t-íosphointe astaithe a ríomh faoi chur chuige SEC-IRBA, úsáidtear meánré ualaithe (WAL) na punainne tagartha tosaigh mar cheann de na hionchuir. Ba cheart WAL a ríomh go comhsheasmhach leis an treoraíocht a sholáthraítear sna Treoirlínte maidir leis na critéir STS (EBA/GL/2024/05), rud atá comhsheasmhach leis na toimhdí i ndáil le ríomh WAL faoi Threoirlínte ÚBE maidir le cinneadh mheánaibíocht ualaithe na n-íocaíochtaí conarthacha atá dlite faoin tráinse (EBA/GL/2020/04). Dá réir sin, níor cheart aon réamhíocaíocht le haghaidh urrúsuithe sintéiseacha a chur san áireamh agus WAL á ríomh, agus i gcás urrúsú fíordhíolacháin, ba cheart a cheadú go dtabharfar na réamhíocaíochtaí san áireamh faoi choinníollacha sonracha (mar a leagtar amach i roinn 4.3.2 de na treoirlínte faoi seach).

Sa chleachtas, i gcás urrúsuithe STS, níl ach dhá cheann de na cúig chritéir ina gcritéir nua, toisc go bhfuil na critéir maidir le sásra amúchta, comhchruinniú/gráinneacht agus riosca creidmheasa contrapháirtí ann cheana féin mar chritéir STS (a leagtar amach sa Rialachán maidir le hUrrúsú) nó mar chritéir 'STS+' le haghaidh láimhseáil fhabhrach caipitil (a leagtar amach in Airteagal 243 CRR).

Ceadaítear do shuíomhanna urrúsúcháin a chomhlíonann na critéir thuas tairbhiú de laghduithe breise ar na híosteorainneacha ualaigh riosca agus, i gcás suíomhanna áirithe infheisteoirí, de laghduithe ar fhachtóir (p) freisin.

Sonraítear na critéir sin in Airteagal 243 CRR. Sonraítear anois in Airteagal 243 CRR dhá thacar critéir le haghaidh láimhseáil dhifreáilte caipitil: ar an gcéad dul síos, critéir atá ann cheana le haghaidh urrúsuithe STS atá incháilithe do láimhseáil caipitil STS, agus ar an dara dul síos, critéir nua 'athléimneachta' le haghaidh suíomhanna urrúsúcháin chun go mbeidh siad incháilithe do láimhseáil caipitil níos fabhraí ná suíomhanna (neamh-athléimneacha) eile.

Maolaítear mar a leanas an riosca arbatráiste rialála (ina ndreasófaí an institiúid tionscnóra chun suíomh sinsearach atá tiubh go míchuí a struchtúróid chun tairbhiú d'fhachtóir (p) níos ísle

agus de na hualaí riosca níos ísle): i gcás suíomhanna athléimneacha, trí cheanglas ‘athléimneachta’ maidir le huastiús an tsuímh shinsearaigh; agus i gcás suíomhanna eile, tríd an gcreat um aistriú riosca shuntasaigh, i gcás ina gcuireann an tástáil nua cur chuige bunaithe ar phrionsabal cosc ar arbatráiste den sórt sin. Ar an gcaoi chéanna, ní féidir le hinstiúidí creidmheasa a infheistíonn i suíomhanna sinsearaigh d’urrúsú STS tairbhiú d’fhachtóir (p) níos ísle ach amháin má tá an suíomh athléimneach agus, dá bhrí sin, má chomhlíonann sé an ceanglas maidir le tiús an tsuímh.

Na hathruithe uile atá beartaithe ar na híosteorainneacha ualaigh riosca agus ar fhachtóir (p), déantar achoimre orthu sna trí thábla seo a leanas.

Tábla 1: Ceanglais an chreata atá ann faoi láthair

		STS				Neamh-STs			
		Tionscnóir/urraitheoir		Infheisteoir		Tionscnóir/urraitheoir		Infheisteoir	
		SEC-IRBA	SEC-SA	SEC-IRBA	SEC-SA	SEC-IRBA	SEC-SA	SEC-IRBA	SEC-SA
Suíomh sinsearach	Íosteora inneach a ualaigh riosca	10 %				15 %			
	fachtóir (p)	Foirmle, Fachtóir scálúcháin 0,5, Íosteorainn 0,3	0.5	Foirmle, Fachtóir scálúcháin 0,5, Íosteorainn 0,3	0.5	Foirmle, Fachtóir scálúcháin 1, Íosteorainn 0,3	1	Foirmle, Fachtóir scálúcháin 1, Íosteorainn 0,3	1
Suíomhan na neamhshinsearaigh	fachtóir (p)	Foirmle, Fachtóir scálúcháin 0,5, Íosteorainn 0,3	0.5	Foirmle, Fachtóir scálúcháin 0,5, Íosteorainn 0,3	0.5	Foirmle, Fachtóir scálúcháin 1, Íosteorainn 0,3	1	Foirmle, Fachtóir scálúcháin 1, Íosteorainn 0,3	1

Tábla 2: Na ceanglais atá beartaithe maidir le hidirbhearta a bhfuil suíomhanna athléimneacha acu (is i **gcló trom** a léirítear na hathruithe i gcomparáid leis an gcreat atá ann faoi láthair, is i **gcló trom agus líne fúthu** a léirítear na hathruithe i gcomparáid leis an láimhseáil atá beartaithe maidir le hidirbhearta eile)

		STS				Neamh-STs			
		Tionscnóir/urraitheoir		Infheisteoir		Tionscnóir/urraitheoir		Infheisteoir	
		SEC-IRBA	SEC-SA	SEC-IRBA	SEC-SA	SEC-IRBA	SEC-SA	SEC-IRBA	SEC-SA
Suíomh sinsearach	Íosteora inneach a ualaigh riosca	Foirmle: 10 % * K_{IRB} nó K_A * 12,5 <u>Íosteorainn 5 %</u>				Foirmle: 15 % * K_{IRB} nó K_A * 12,5 <u>Íosteorainn 10 %</u>		Foirmle: 15 % * K_{IRB} nó K_A * 12,5 <u>Íosteorainn 12 %</u>	
	fachtóir (p)	Foirmle, Scálúchán fachtóir 0,3, Íosteorainn 0,2, Uasteorainn 0,5	0.3	Foirmle, <u>fachtóir scálúcháin 0,3</u> , <u>Íosteorainn 0,2</u> , <u>Uasteorainn 0,5</u>	<u>0.3</u>	Foirmle, Fachtóir scálúcháin 0,7, Íosteorainn 0,3, Uasteorainn 1	0.6	Foirmle, Scálúchán fachtóir 1, Íosteorainn 0,3, Uasteorainn 1	1
Suíomhanna	fachtóir (p)	Foirmle, Fachtóir	0.5	Foirmle, Scálúchán	0.5	Foirmle, Fachtóir	1	Foirmle, Scálúchán	1

neamhshi nsearacha		scálúcháin 0,5, Íosteorainn 0,2, Uasteorainn 0,5		fachtóir 0,5, Íosteorainn 0,3, Uasteorainn 0,5		scálúcháin 1, Íosteorainn 0,3, Uasteorainn 1		fachtóir 1, Íosteorainn 0,3, Uasteorainn 1	
-----------------------	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Tábla 3: Na ceanglais atá beartaithe maidir le hidirbhearta ag a bhfuil suíomhanna nach suíomhanna athléimneacha iad (is i **gcló trom** a léirítear na hathruithe i gcomparáid leis an gcreat atá ann faoi láthair)

		STS				Neamh-STs			
		Tionscnóir/ urraitheoir		Infheisteoir		Tionscnóir/ urraitheoir		Infheisteoir	
		SEC-IRBA	SEC-SA	SEC-IRBA	SEC-SA	SEC-IRBA	SEC-SA	SEC-IRBA	SEC-SA
Suíomh sinsearach	Íosteora inneach a ualaigh riosca	Foirmle: 10 % * K_{IRB} nó K_A * 12,5 Íosteorainn 7 %				Foirmle: 15 % * K_{IRB} nó K_A * 12,5 Íosteorainn 12 %			
	fachtóir (p)	Foirmle, Scálúchán fachtóir 0,3, Íosteorainn 0,2, Uasteorainn 0,5	0.3	Foirmle, Fachtóir scálúcháin 0,5, íosteorainn 0,3, Uasteorainn 0,5	0.5	Foirmle, Fachtóir scálúcháin 0,7, Íosteorainn 0,3, Uasteorainn 1	0.6	Foirmle, Scálúchán fachtóir 1, Íosteorainn 0,3, Uasteorainn 1	1
Suíomha nna neamhshi nsearacha	fachtóir (p)	Foirmle, Fachtóir scálúcháin 0,5, Íosteorainn 0,2, Uasteorainn 0,5	0.5	Foirmle, Scálúchán fachtóir 0,5, Íosteorainn 0,3, Uasteorainn 0,5	0.5	Foirmle, Fachtóir scálúcháin 1, Íosteorainn 0,3, Uasteorainn 1	1	Foirmle, Scálúchán fachtóir 1, Íosteorainn 0,3, Uasteorainn 1	1

*Ciallaíonn K_{IRB} muirear caipitil ar na neamhchosaintí foluiteacha in urrúsú agus úsáid á baint as creat IRB (bunaithe ar rátálacha inmheánacha). Ciallaíonn K_A muirear caipitil ar na neamhchosaintí foluiteacha in urrúsú, arna choigeartú chun feidhmíocht dhíobhálach a léiriú, agus úsáid á baint as an gcreat caighdeánaithe.

Aistriú suntasach riosca (SRT)

Le tuarascáil ÚBE ar an aistriú riosca shuntasaigh¹⁸ a foilsíodh in 2020, doiciméadaíodh go bhfuil roinnt teorainneacha ag baint leis an gcreat rialála SRT atá in CRR cheana féin, go háirithe i dtír réimse: a) na tástálacha SRT, a mbaineann a dtéarmaí le léirmhíniú na dtairseach agus na dtomhas cainníochtúil a úsáidtear i dtástálacha meicniúla CRR agus leis an tástáil cháiliúchtúil ‘comhchuimseachta’ i gcoitinne, nach soláthraítear le CRR ach critéir ardleibhéil ina leith; (b) an próiseas a chuireann údarais inniúla i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar SRT, agus c) gnéithe struchtúracha sonracha d’idirbhearta urrúsúcháin, a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh do cheanglais SRT a chomhlíonadh ar bhonn leanúnach agus, dá bhrí sin, difear a dhéanamh d’éifeachtacht an aistrithe riosca. Chuir teorainneacha sin an chreata le héiginnteacht sa mhargadh agus le moilleanna ar údarais inniúla measúnú a dhéanamh ar roinnt idirbhearta urrúsúcháin. I gcásanna áirithe, d’fhág siad freisin go raibh neamhréireachtaí gan údar i dtorthaí SRT agus i ríomhanna caipitil i láimhseáil SRT urrúsuithe a bhfuil saintréithe inchomparáide acu ó Bhallstát go chéile.

Is é is aidhm do na leasuithe ar an gcreat SRT aghaidh a thabhairt ar na teorainneacha ar an gcreat SRT a shainaithnítear thuas (i.e. teorainneacha a bhaineann leis na tástálacha SRT atá

¹⁸ [Iarrann ÚBE ar an gCoimisiún Eorpach an measúnú ar aistriú riosca shuntasaigh in urrúsú a chomhchuibhiú | An tÚdarás Baincéireachta Eorpach \(europa.eu\)](#)

ann faoi láthair, gnéithe struchtúracha d'urrúsaithe agus próisis mhaoirseachta) agus an creat SRT a dhéanamh níos comhsheasmhaí agus níos intuatha. Feabhsaítear intuathacht SRT trí phríomheilimintí an mheasúnaithe SRT a leagan síos, lena n-áirítear dearadh leathan na tástála nua SRT, in CRR. Is faoi chaighdeán theicniúla rialála ÚBE a fhágtar oibríochtú mhionsonraí teicniúla na tástála, ceanglais a mhéid a bhaineann leis na gnéithe struchtúracha agus prionsabail an phróisis measúnaithe maoirseachta.

An tástáil nua cur chuige bunaithe ar phrionsabal a chur in ionad na dtástálacha meicniúla atá ann faoi láthair

I gcomhréir le moltaí ÚBE, agus an aidhm ann aghaidh a thabhairt ar na teorainneacha a shainnaithnítear i ndáil leis na tástálacha meicniúla atá ann cheana, tugtar isteach tástáil nua cur chuige bunaithe ar phrionsabal (tástáil PBA) a chuirtear in ionad an dá thástáil mheicniúla atá ann cheana. Leis an tástáil PBA sin, ceanglaítear ar an tionscnóir 50 % ar a laghad de chaillteanais neamhionchasacha neamhchosaintí phunann fholuiteach an idirbhirt urrúsúcháin a aistriú chuig tríú páirtithe.

Ina theannta sin, tugtar isteach ceanglas nua ar an tionscnóir féinmheasúnú a chur faoi bhráid an údaráis inniúil. Ba cheart a léiriú leis an bhféinmheasúnú go gcomhlíontar aistriú riosca shuntasaigh, lena n-áirítear faoi dhálaí struis. Mar chuid den fhéinmheasúnú sin, ba cheart don tionscnóir anailís sreabhaidh airgid a chur ar fáil lena soláthraítear fianaise ar inbhuanaitheacht SRT i gcaitheamh shaolré an idirbhirt agus lena léirítear conas a dhéantar caillteanais ionchasacha saoil agus caillteanais neamhionchasacha na neamhchosaintí urrúsaithe a leithdháileadh ar shuíomhanna an idirbhirt. Ba cheart an bhunlíne agus dálaí struis araon a chumhdach leis an anailís sreabhaidh airgid agus ba cheart í a dhéanamh ag an túsphointe ar feadh shaolré iomlán an idirbhirt. Ar deireadh, ba cheart a áireamh san fhéinmheasúnú freisin faisnéis maidir leis an bhfaoiseamh caipitil a bhaintear amach leis an urrúsú. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin ar a chumas don mhaoirseoir measúnú a dhéanamh cé acu atá nó nach bhfuil méid díreireach faoisimh caipitil mar thoradh ar urrúsú a bhfuil gnéithe casta nó nuálacha aige i gcomparáid leis an riosca a aistrítear. Go ginearálta, d'fhágfadh an féinmheasúnú go mbeadh sé níos éasca do na húdaráis inniúla na gnéithe sin d'idirbhearta urrúsúcháin ar gá aird níos mó maoirseachta a thabhairt orthu a shainaithint. Chuirfeadh sé sin ar a gcumas dóibh trédhearcacht agus intuathacht níos fearr a chur ar fáil do thionscnóirí agus an measúnú SRT a chuíchóiriú.

I bhfianaise scriosadh na dtástálacha meicniúla, tá sé beartaithe freisin an sainmhíniú ar an suíomh urrúsúcháin mezzanine a scriosadh. Tá an sainmhíniú iomarcach anois, ó tharla gur i gcomhthéacs na dtástálacha meicniúla a rinneadh an t-aon tagairt amháin don suíomh mezzanine. Thairis sin, ba cheart leasú a thabhairt isteach freisin sa sainmhíniú ar an suíomh sinsearach, áit ar cheart coinníoll/soiléiriú breise a thabhairt isteach gur gá an tráinse sinsearach a astú os cionn K_{IRB}/K_A .

In am trátha, eiseoidh ÚBE caighdeán teicniúil rialála ina mbeidh na nithe seo a leanas: (i) tuilleadh mionsonraí maidir leis na coinníollacha faoina gcuirfidh na húdaráis inniúla an tástáil PBA i bhfeidhm, agus (ii) sainiúlachtaí teicniúla an fhéinmheasúnaithe agus an tsamhaltaithe sreabhaidh airgid (lena n-áirítear caighdeán maidir leis na caillteanais ionchasacha saoil agus na caillteanais neamhionchasacha a leithdháileadh ar na suíomhanna). Ba cheart a áirithiú leis sin go gcuirfeadh an tástáil PBA chun feidhme go haonchineálach agus go dtabharfar aghaidh ar na príomhábhair inní a chuir páirtithe leasmhara in iúl maidir leis na hábhair sin. Ina theannta sin, déileálfadh na caighdeán theicniúla rialála le gnéithe struchtúracha a d'fhéadfadh bac a chur ar aistriú riosca shuntasaigh, ar aon dul leis na moltaí a rinneadh i dtuarascáil ÚBE maidir le SRT.

Faoin togra, déanfar an cur chuige bunaithe ar chead atá ann faoi láthair – nach n-úsáidtear ach go hannamh – a bhaint de CRR (i.e. ní cheadaítear a thuilleadh SRT a bhaint amach trí chead arna dheonú ag an údarás inniúil).

Solúbthacht maoirseachta a chaomhnú

Tá sé rithabhachtach go gcaomhnófar solúbthacht do na húdaráis inniúla ina measúnuithe SRT, agus an inniúlacht athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar idirbhearta SRT má tá idirbhearta casta agus nuálacha ann. Leagfar amach sna caighdeáin theicniúla rialála arna bhforbairt ag ÚBE tuilleadh mionsonraí maidir leis na coinníollacha faoina gcuirfidh na húdaráis inniúla an t-athbhreithniú cuimsitheach ar SRT i bhfeidhm.

Próiseas an mheasúnaithe maoirseachta SRT

Ní chumhdaítear le CRR faoi láthair próiseas an mheasúnaithe maoirseachta SRT. Ba cheart prionsabail ardleibhéil lena rialaítear measúnuithe maoirseachta SRT a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais agus é d'aidhm ag an gcomhchuibhiú sin na prionsabail a dhéanamh níos éifeachtúla. Ba cheart do ÚBE na prionsabail ardleibhéil sin a cheapadh sna caighdeáin theicniúla rialála. Ba cheart a áireamh orthu sin freisin prionsabail ardleibhéil le haghaidh mearphróiseas i gcomhair urrúsuithe cáilitheacha, lena gcuirfear le moltaí ÚBE agus lena dtarraingeofar ar an taithí ar an bpróiseas mear atá á fhorbairt faoi láthair ag an Sásra Aonair Maoirseachta i gcomhar leis an gCónaidhm Baincéireachta Eorpach.

Beart idirthréimhseach a bhaineann leis an íosteorainn aschuir in Airteagal 465(13)

Na hathruithe ar fhachtóir (p) agus ar na híosteorainneacha ualaigh riosca le haghaidh suíomhanna sinsearach, calabraíodh iad i riocht agus go maolaíonn siad aon toradh iomarcach don tomhas íosteorann aschuir, rud a eascraíonn as an láimhseáil choimeádach faoi chur chuige SEC-SA agus difríochtaí díreireacha idir cur chuige SEC-IRBA agus cur chuige SEC-SA. Dá bhrí sin, tugadh aghaidh den chuid is mó ar na héilimh as ar eascair tabhairt isteach an bhirt idirthréimhsigh in Airteagal 465(13), rud a thugann le fios freisin nach bhfuil oiread céanna gá leis an mbeart idirthréimhseach, atá le dul in éag in aon chás tar éis an 31 Nollaig 2032.

Réitigh theicniúla agus soiléirithe eile

Ba cheart a thabhairt isteach mar chuid den athbhreithniú roinnt leasuithe agus réitigh theicniúla a mhol ÚBE agus páirtithe leasmhara i gcomhairliúchán an Choimisiúin.

Áirítear orthu sin an méid seo a leanas:

- Céadroghanna ama ar cheannach in urrúsuithe sintéiseacha agus dreasacht dhearfach i gcomhthéacs Airteagal 238. Áirítear soiléiriú in Airteagal 238 nach ann do dhreasacht dhearfach i gcéadroghanna ama ar cheannach, dá dtagraítear in Airteagal 238, chun neamhréir aibíochta a chinneadh, ach amháin i gcás ina n-áirítear sa chonradh, tráth a thionscanta, téarmaí ar cosúil go bhfuil sé beartaithe leo méadú a dhéanamh ar a bhuntáistí atá feidhmiú na céadrogha ama ar cheannach (amhail cúpón uaschéimnithe, an fhéidearthacht go bhfeidhmeofar céadrogha ama ar cheannach níos annaimh ná ar bhonn bliantúil tar éis dháta na chéad céadrogha ama incháilithe ar cheannach, nó scaoileadh comhthaobhachta lena n-urraítear éilimh cheannaitheoir na cosanta ar dháta na chéad céadrogha ama incháilithe ar cheannach nó ina diaidh).
- Critéir le haghaidh urrúsuithe STS atá incháilithe do láimhseáil dhifreáilte caipitil (STS) in Airteagal 243. Tá gá le roinnt coigeartuithe chun go mbeidh an creat urrúsúcháin comhsheasmhach le hathruithe ar ualaí riosca a chuirtear i bhfeidhm maidir le cineálacha áirithe neamhchosaintí faoin gcreat riosca creidmheasa, mar a thugtar isteach leis an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil III.

- Ar an gcéad dul síos, an ceanglas maidir le teorainn ualaigh riosca 75 % le haghaidh neamhchosaintí miondíola ar bhonn daoine aonair, déantar é a scriosadh agus a chumasc leis an gceanglas maidir le huasualú riosca 100 % le haghaidh aon neamhchosaint eile ar bhonn daoine aonair. D'fhágfadh sé sin go mbeadh neamhchosaintí miondíola ar bhonn daoine aonair ar mó iad ná EUR 1 mhilliún incháilithe, mar shampla.
 - Ar an dara dul síos, méadaítear an teorainn ualaigh riosca 50 % i gcás morgáistí tráchtála go 60 %. Leis sin, choinneofaí ar bun an cur chuige a cuireadh i bhfeidhm faoin gcóras CRR a bhí ann roimhe seo, lena gcuirtear teorainn iasachta/luacha 50 % i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí ar réadmhaoin tráchtála nach ngineann ioncam. Fágann sé sin freisin nach mbeadh neamhchosaintí ar réadmhaoin tráchtála nach ngineann ioncam, rud nach bhfuil inmhianaithe don lipéad STS, incháilithe.
 - Ar an tríú dul síos, ní thugtar isteach aon athrú ar an teorainn ualaigh riosca a chuirtear i bhfeidhm maidir le morgáistí cónaithe. Go deimhin, fágann an teorainn 40 % gur féidir teorainn iasachta/luacha 80 % a choinneáil ar bun i gcás fhormhór na neamhchosaintí agus, an tráth céanna, gur féidir sciar níos airde de neamhchosaintí ar réadmhaoin chónaithe nach ngineann ioncam, ar neamhchosaintí iad a bhfuil teorainn iasachta/luacha 100 % acu, a choinneáil ar bun ná a rinneadh faoin gcóras CRR a bhí ann roimhe seo. Fágann sé sin gur féidir neamhchosaintí ar réadmhaoin chónaithe a ghineann ioncam a áireamh.
- Soiléirithe i ndáil le hAirteagal 248(1). An sainordú a thugtar do ÚBE in Airteagal 248(1) chun caighdeáin theicniúla rialála a dhréachtú lena sonraítear cad is modh coimeádach iomchuí ann chun méid ainmniúil na coda neamhtharraingthe de shaoráid leachtachta a ríomh, scriostar é toisc go meastar nach gá aon soiléiriú breise maidir le ríomh mhéid ainmniúil na coda tarraingthe, thar a leagtar amach cheana féin san Airteagal ábhartha. Chomh maith leis sin, ós simplí an rud é méid ainmniúil na coda neamhtharraingthe a ríomh (an mhír lasmuigh den chlár comhardaithe), toisc gur féidir é a chinneadh mar an difríocht idir méid ainmniúil iomlán na saoráide leachtachta agus méid ainmniúil na coda tarraingthe (mír laistigh den chlár comhardaithe), scriostar an ceanglas a bhí ar an institiúid a léiriú go gcuirtear modh coimeádach iomchuí i bhfeidhm chun méid na coda neamhtharraingthe a thomhas.
- Coigeartuithe sonracha i leith riosca creidmheasa (SCRAnna) a láimhseáil chun ceanglais chaipitil iar-urrúsúcháin a ríomh, faoi Airteagal 248(1)(d). Leasaítear Airteagal 248(1)(d) chun an fhéidearthacht go n-asbhainfí SCRAnna a leathnú freisin chuig tráinsí dar sannadh ualach riosca níos ísle ná 1 250 %, ar choinníoll go bhfuil pointe astaithe A acu atá níos lú ná K_{IRB} nó K_A . Má chomhlíontar an coinníoll sin, féadfar an suíomh urrúsúcháin a láimhseáil mar dhá shuíomh urrúsúcháin: an suíomh níos sinsearaí ina bhfuil A cothrom le K_{IRB} nó K_A agus an suíomh sóisearach ina bhfuil A faoi bhun K_{IRB} nó K_A agus pointe dí-astaithe D cothrom le K_{IRB} nó K_A . Sa chás sin, beidh SCRAnna in-asbhainte ó luach neamhchosanta an tsuímh sin atá níos sóisearaí, agus uaidh sin amháin, dá sannfaí ualach riosca 1 250 %.
- Soiléiriú maidir le luach neamhchosanta bharrachas an raoin difríochta shintéisigh faoi Airteagal 248(1), pointe (e). Áirítear roinnt mionsoiléirithe teicniúla san fhoráil maidir le luach neamhchosanta bharrachas an raoin difríochta shintéisigh a ríomh, amhail an tagairt do bharrachas raoin difríochta shintéisigh arna ainmniú de réir conartha a aistriú chuig an abairt tosaigh agus í a scriosadh ó phointí (i) go (iv), chun athrá gan ghá a sheachaint.

- Coinníollacha in Airteagal 254(1)(c) faoi nach bhféadfar SEC-SA a úsáid. Sainítear ordlathas na gcineálacha cur chuige le hAirteagal 254(1). Mar sin féin, ní shonraítear go maith na coinníollacha faoi nach bhféadfar SEC-SA a úsáid. Leasaítear Airteagal 254(1)(c) dá bhrí sin chun a shoiléiriú go sonraítear i míreanna 2 agus 4 den airteagal céanna na cásanna nach bhféadfar SEC-SA a úsáid iontu. Sonraítear leis na míreanna sin faoi seach na coinníollacha maidir le haistriú éigeantach chuig SEC-ERBA agus na cásanna ina gcuireann an t-údarás inniúil ábhartha toirmeasc ar SEC-SA a úsáid.
- Raon feidhme chur i bhfeidhm chur chuige an mheasúnaithe inmheánaigh faoi Airteagal 254(4). Leasaítear Airteagal 254(5) CRR chun a shoiléiriú nach féidir cur chuige an mheasúnaithe inmheánaigh a chur in ionad chur i bhfeidhm éigeantach SEC-IRBA, ach go bhféadfar é a úsáid mar mhalairt ar chur i bhfeidhm cineálacha cur chuige eile, i.e. SEC-SA, SEC-ERBA nó ualach riosca 1 250 % a chur i bhfeidhm, agus mar mhalairt orthu sin amháin.
- Ríomh K_A in Airteagal 256(1) laistigh de chur i bhfeidhm SEC-SA. Leasaítear Airteagal 255(6) chun a shoiléiriú nár cheart K_{SA} a ríomh ach ar bhonn cheanglais chaipitil na neamhchosaintí nár mhainnigh sa chomhthiomsú neamhchosaintí foluiteacha, chun comhaireamh dúbailte na neamhchosaintí sin a sheachaint agus K_A á ríomh i gcomhréir le hAirteagal 261(2) CRR. Tugtar sainmhíniú in Airteagal 261(2) ar ‘neamhchosaint ar mainneachtain’ chun W a ríomh; ba cheart an sainmhíniú sin a úsáid freisin chun K_{SA} a ríomh, chun comhsheasmhacht a áirithiú idir an fhoirmle le haghaidh K_A agus ríomh K_{SA} . Ina theannta sin, leasaítear an dara fomhír d’Airteagal 255(6) chun a shoiléiriú gur cheart K_{SA} a ríomh ar bhonn luach neamhchosanta na neamhchosaintí foluiteacha, agus aon SCRA agus aon choigeartú luacha breise maidir leis na neamhchosaintí foluiteacha sin san áireamh (agus gan é a ríomh glan orthu sin).
- Neamhchosaintí ar mainneachtain a láimhseáil i ríomh pointí astaithe agus dí-astaithe in Airteagal 256. Soiléirítear, chun pointí astaithe agus dí-astaithe na dtráinsí a ríomh, gur cheart iarmhéid gan íoc an chomhthiomsaithe neamhchosaintí urrúsaithe a laghdú faoin méid caillteanas a leithdháileadh cheana féin ar na tráinsí i leith na neamhchosaintí ar mainneachtain atá fós ar áireamh sa phunann urrúsúcháin. Déantar é sin chun a áirithiú go dtugann ríomh pointí astaithe agus dí-astaithe tráinse léiriú leordhóthanach ar iarmhéid na neamhchosaintí urrúsaithe. Tá sé sin ábhartha i gcás tráinse a díluacháladh chun léiriú a thabhairt ar chaillteanais ó na neamhchosaintí urrúsaithe atá fágtha sa phunann urrúsaithe. I gcomhréir leis an soiléiriú a sholáthraítear in Airteagal 256, leasaítear Airteagal 261(2) chun a shoiléiriú, chun críche na foirmle le haghaidh pharaiméadar W , gurb é méid ainmniúil na neamhchosaintí ar mainneachtain luach cuntasaíochta na neamhchosaintí ar mainneachtain lúide aon mhéid faoinar díluacháladh na tráinsí cheana féin chun caillteanais ó na neamhchosaintí ar mainneachtain ar ionsú, nó caillteanais arna n-ionsú ag barrachas an raoin difríochta.
- Ríomh K le haghaidh comhthiomsuithe measctha faoi Airteagal 259(7). Cuirtear K_A in ionad K_{SA} ¹⁹ san fhoirmle lena sonraítear ríomh K_{IRB} le haghaidh comhthiomsuithe measctha. Tá K_A níos oiriúnaí san fhoirmle ná K_{SA} , toisc go léiríonn K_A na ceanglais

¹⁹ Ciallaíonn K_{SA} muirear caipitil ar na neamhchosaintí foluiteacha in urrúsú, agus an creat caighdeánaithe á úsáid. I gcodarsnacht le K_A , ní choigeartaítear é chun feidhmíocht dhíobhálach a léiriú.

chaipitil atá le húsáid san fhoirmle le haghaidh neamhchosaintí i gcomhthiomsú measctha a láimhseáiltear faoi SEC-SA.

- Soiléirithe i ndáil le ríomh na huasteorann foriomláine ar cheanglais chaipitil le haghaidh suíomh urrúsúcháin, faoi Airteagal 268(1). Leasaítear Airteagal 268(1) chun ríomh na huasteorann foriomláine ar cheanglais chaipitil le haghaidh suíomh urrúsúcháin faoi Airteagal 268 a ailíniú leis an leasú a rinneadh maidir le hurrúsuithe neamhchosaintí neamhthuillmheacha in Airteagal 269a(5) CRR. Dá thoradh sin, tionscnóirí a úsáideann SEC-IRBA i gcás urrúsuithe nach urrúsuithe neamhchosaintí neamhthuillmheacha iad, ba cheart dóibh SCRAnna a bhaint as comhpháirt caillteanais ionchasaigh K_{IRB} (ceanglais chaipitil le haghaidh na neamhchosaintí foluiteacha) chun an uasteorainn fhoriomlán a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 268, ar an gcaoi chéanna a gceadaítear i gcás urrúsuithe neamhchosaintí neamhthuillmheacha. Déantar é sin chun comhsheasmhacht le cur chuige IRB a áirithiú agus na ceanglais chaipitil roimh urrúsú agus, dá bhrí sin, an uasteorainn á ríomh i gcomhréir le hAirteagal 268. Ina theannta sin, ba cheart Airteagal 268(1) a leasú chun deireadh a chur leis an srian atá ann cheana, ar dá réir nach féidir le hinfheisteoirí SEC-SA agus SEC-ERBA an uasteorainn ar na ceanglais chaipitil a chur i bhfeidhm, óir níl údar leis an srian.
- Tráinsí lánchaipitlithe a ghearradh amach ó ríomh V (i.e. an cion is mó úis atá i seilbh na hinstitiúide sna tráinsí ábhartha) in Airteagal 268(3) CRR: Áirítear rogha chun aon tráinse ina iomláine a gcuireann an tionscnóir ualach riosca 1 250 % i bhfeidhm ina leith nó a bhaintear as míreanna Ghnáthchothromas Leibhéal 1 (CET1) a ghearradh amach ó ríomh V (i.e. an cion is mó úis atá i seilbh na hinstitiúide sna tráinsí ábhartha) faoi Airteagal 268(3) CRR, i gcomhréir le pointe (k) d’Airteagal 36(1). Is é ba cheart a bheith san uascheanglas caipitil suim na gceanglas caipitil arna ríomh faoi Chaibidil 2 nó 3 maidir leis na ‘glan-neamhchosaintí foluiteacha’, i.e. an neamhchosaintí fholuiteach iomlán glan ó luach na neamhchosanta i gcoibhneas leis an tráinse gearrtha amach, arna hiolrú faoi V athbhreithnithe agus suim luachanna neamhchosanta (atá cothrom leis na ceanglais chaipitil tar éis urrúsú) na suíomhanna urrúsúcháin a ghearrtar amach ó ríomh V. Ba cheart raon feidhme na rogha sin a bheith chomh leathan céanna leis an raon feidhme leasaithe atá beartaithe d’Airteagal 268(1).
- Cuirtear aithris 11 isteach chun soiléiriú a dhéanamh ar bhunreásúnaíocht mhír 2 d’Airteagal 254 maidir leis na rialacha cainníochtúla chun aistriú chuig SEC-ERBA, agus ar raon feidhme chur i bhfeidhm beartaithe an cheanglais sin. Is é is aidhm dó sin a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis inniúla agus na hinstitiúidí ar fud an Aontais an ceanglas a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach. Soiléirítear san aithris gurb é is aidhm don airteagal úsáid éigeantach SEC-ERBA a sheachaint i ndáil le hidirbhearta arb í an uasteorainn cheannasach – agus ní próifíl riosca na n-idirbheart – an tiomántóir is mó agus na hualaí riosca faoin gcur chuige sin á gcinneadh ina leith.
- Tuarascálacha maidir le hurrúsuithe STS laistigh den chlár comhardaithe faoi Airteagal 270(2) agus (3). In ionad an tsainordaithe le haghaidh tuarascálacha ón gCoimisiún i ndáil le hurrúsuithe STS laistigh den chlár comhardaithe, cuirtear sainordú le haghaidh tuarascáil faireacháin níos ginearálta ó ÚBE, faoi Airteagal 506d(2), agus tuarascáil níos ginearálta ón gCoimisiún, faoi Airteagal 506d(1).

Athbhreithniú

Moltar freisin go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat, agus ar na leasuithe spriocdhírithe a thugtar isteach leis an athbhreithniú seo, 4 bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm. Deis a bheadh san athbhreithniú measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht chreat urrúsúcháin stuamachta leasaithe an Aontais. Go sonrach, bheadh deis ann a bhreithniú an mbeadh íogaireacht níos mó i leith riosca agus leibhéil neamhneodrachta caipitil níos comhréirí ann mar thoradh ar athrú níos bunúsaí ar na foirmlí agus ar na feidhmeanna ualaithe riosca, agus an maolódh an t-athrú sin éifeachtaí aille agus an dtabharfadh sé aghaidh ar theorainneacha struchtúracha an chreata atá ann faoi láthair. Tá sé beartaithe freisin go gcuirfidh ÚBE tuarascáil faireacháin isteach 2 bhliain tar éis dó teacht i bhfeidhm, lena ndéanfar faireachán ar fhorbairtí agus ar dhinimic mhargadh urrúsúcháin an Aontais a leanann as an gcreat stuamachta leasaithe.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa a mhéid a bhaineann le ceanglais le haghaidh neamhchosaintí ar urrúsú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa²⁰,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach²¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is cuid thábhachtach de mhargaí airgeadais dea-fheidhmiúla iad idirbhearta urrúsúcháin toisc go gcuidíonn siad le foinsí cistiúcháin institiúidí creidmheasa a éagsúlú agus go gcumasaíonn siad scaoileadh caipitil rialála is féidir a ath-leithdháileadh ansin chun tacú le hiasachtú breise. Thairis sin, soláthraíonn urrúsuithe deiseanna infheistíochta breise d’institiúidí creidmheasa agus do rannpháirtithe eile sa mhargadh lena ngabhann comhbhabhtálacha sonracha riosca agus luaíochta. Fágann sé sin gur féidir punann a éagsúlú níos fearr agus riosca a athdháileadh sa chóras airgeadais i gcoitinne. Éascaíonn sé freisin an sreabhadh cistí chuig gnólachtaí agus daoine aonair laistigh de na Ballstáit agus ar bhonn trasteorann ar fud an Aontais araon.
- (2) Tá infheistíocht shuntasach de dhíth ar an Aontas chun go leanfaidh sé de bheith athléimneach agus iomaíoch. Is féidir leis an gcreat urrúsúcháin rannchuidiú le córas airgeadais níos éagsúlaithe agus le comhroinnt riosca níos mó. Mar sin féin, tá baic ábhartha ar eisiúint urrúsuithe agus ar an infheistíocht iontu. Imríonn na baic sin tionchar ar fhorbairt an mhargaidh urrúsúcháin. Na ceanglais caipitil rialála a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²³

²⁰ IO C , , lch. .

²¹ IO C

²² IO C , , lch. .

²³ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus

maidir le hinstitiúidí a thionscnaíonn urrúsuithe nó a dhéanann urraíocht orthu nó infheistíocht iontu, níl siad sách íogair i leith riosca agus ionchorpraítear iontu freisin leibhéal coimeádachais gan údar. Ní aithnítear go cruinn leis na ceanglais atá ann faoi láthair dea-fheidhmíocht chreidmheasa urrúsuithe an Aontais ná na maolaitheoirí riosca a cuireadh chun feidhme i gcreataí rialála agus maoirseachta an Aontais maidir le hurrúsú. Leis na creataí sin, laghdaíodh go mór an riosca gníomhaireachta agus an riosca de bharr samhaltaithe atá leabaithe in idirbhearta urrúsúcháin.

- (3) Ba cheart na ceanglais chaipitil le haghaidh urrúsuithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a leasú chun an íogaireacht i leith riosca a mhéadú agus caipitliú iomarcach a laghdú tríd an láimhseáil caipitil a ailíniú níos fearr leis na rioscaí foluiteacha. Ina theannta sin, ba cheart leasuithe spriocdhírthe a thabhairt isteach chun maolú a dhéanamh ar na neamhréireachtaí míchuí idir na ceanglais chaipitil faoi dhá chur chuige éagsúla: an cur chuige bunaithe ar rátálacha inmheánacha urrúsúcháin (SEC-IRBA) agus an cur chuige caighdeánaithe urrúsúcháin (SEC-SA). Leis an maolú sin ba cheart rannpháirtíocht institiúidí creidmheasa beaga agus meánmhéide a úsáideann an cur chuige caighdeánaithe a mhéadú.
- (4) Is éard is íosteorainneacha ualaigh riosca ann íosualaí riosca nach mór d'institiúidí creidmheasa a chur i bhfeidhm maidir lena neamhchosaintí sinsearacha ar urrúsú, fiú i gcás ina dtabharfaidh na ríomhanna caipitil le fios go bhféadfaí ualach riosca níos ísle a chur i bhfeidhm. Ba cheart íosteorainneacha ualaigh riosca le haghaidh suíomhanna sinsearacha urrúsúcháin a dhéanamh níos íogaire i leith riosca, rud a d'fhágfadh go mbeifí in ann léiriú a thabhairt ar a rioscúla atá comhthiomsú foluiteach neamhchosaintí gach urrúsaithe shonraigh. Maidir le suíomhanna urrúsúcháin sinsearacha in urrúsuithe punann ísealriosca, ba cheart a cheadú go dtairbheoidís d'íosteorainneacha ualaigh riosca níos ísle ná suíomhanna urrúsúcháin sinsearacha in urrúsuithe punann a bhfuil riosca níos airde ag baint leo. Ba cheart an cur chuige nua sin, a d'fhágfadh go ndéanfaí íosteorainneacha ualaigh riosca a ríomh bunaithe ar fhoirmle shonrach, a chur in ionad an chur chuige atá ann cheana lena socraítear íosteorainneacha ualaigh riosca ar leibhéil chomhréidh, gan beann ar cháilíocht chreidmheasa an chomhthiomsaithe fholuitigh neamhchosaintí. Leis an bhfoirmle nua, ba cheart a bheith in ann stádas urrúsaithe a léiriú mar urrúsú simplí, trédhearcach agus caighdeánaithe (STS) nó mar urrúsú neamh-STS. Chun laghdúithe iomarcacha ar na ceanglais chaipitil a sheachaint, ba cheart íostairseach a thabhairt isteach i leith na n-íosteorainneacha ualaigh riosca.
- (5) Chun níos mó íogaireacht i leith riosca a sholáthar sa chreat urrúsúcháin, agus láimhseáil stuama rialála a choinneáil ar bun an tráth céanna, is gá coigeartú a dhéanamh, faoi chur chuige SEC-IRBA, ar an bhfoirmle le haghaidh fhachtóir (p) chun an íosteorainn a laghdú agus chun an fachtóir scálúcháin a laghdú, agus is gá uasteorainn a thabhairt isteach ar fhachtóir (p), go príomha i gcás suíomhanna urrúsúcháin sinsearacha institiúidí creidmheasa tionscnóra/urraitheora. Ar an gcúis chéanna, faoi chur chuige SEC-SA, is gá fachtóir (p) a laghdú i gcás suíomhanna urrúsúcháin sinsearacha. Na hathruithe ar fhachtóir (p) i gcás suíomhanna urrúsúcháin neamhshinsearacha, ba cheart iad a bheith ina mionathruithe chun tearc-caipitliú na suíomhanna sin a chosc. Na hathruithe ar fhachtóir (p) i gcás suíomhanna infheisteoirí in urrúsuithe neamh-STS agus i gcás suíomhanna urrúsúcháin neamhshinsearacha in urrúsuithe STS, ba cheart iad a bheith ina mionathruithe toisc nach gné de na

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj>).

suíomhanna sin riosca laghdaithe gníomhaireachta ná riosca laghdaithe de bharr samhaltaithe.

- (6) Tá suíomhanna urrúsúcháin sinsearacha athléimneach má chomhlíonann an t-urrúsú tacar critéar incháilitheachta ar an dáta tionscanta agus ar bhonn leanúnach ina dhiaidh sin. Leis an tacar critéar incháilitheachta sin, áirithítear cosaint an tsuímh urrúsúcháin shinsearaigh agus maolaítear riosca gníomhaireachta agus riosca de bharr samhaltaithe. Ba cheart go dtairbheodh na suíomhanna urrúsúcháin athléimneacha sin de laghdaithe breise ar na híosteorainneacha ualaigh riosca agus ar fhachtóir (p), i gcomparáid le suíomhanna nach gcomhlíonann na critéir incháilitheachta. Maidir le hinfheisteoirí ar institiúidí creidmheasa iad, níor cheart a cheadú dá suíomhanna i suíomhanna urrúsúcháin sinsearacha d'urrúsuithe neamh-STS tairbhiú de na laghdaithe breise sin, toisc nach saintréithe díobh riosca laghdaithe gníomhaireachta ná riosca laghdaithe de bharr samhaltaithe.
- (7) Mar gheall ar na hathruithe ar an íosteorainn ualaigh riosca le haghaidh suíomhanna urrúsúcháin sinsearacha agus ar fhachtóir (p) faoi chur chuige SEC-IRBA agus cur chuige SEC-SA, ba cheart na hualaí riosca sna táblaí cuardaigh faoi SEC-ERBA a athchalabhrú dá réir sin.
- (8) Ba cheart athruithe ar an gcreat um aistriú riosca shuntasaigh (SRT) a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar na teorainneacha a shainaithnítear sa chreat sin i ndáil leis na tástálacha meicniúla atá ann faoi láthair lena dtomhaistear suntasacht an riosca a aistrítear trí urrúsú, i ndáil le gnéithe struchtúracha sonracha d'idirbhearta urrúsúcháin a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do cheanglais SRT a chomhlíonadh, agus i ndáil le próisis arna gcur i bhfeidhm ag údaráis inniúla chun measúnú a dhéanamh ar SRT, agus chun an creat sin a dhéanamh níos comhsheasmhaí agus níos intuatha. Ba cheart intuathacht na measúnuithe maoirseachta SRT a mhéadú trí phríomheilimintí an mheasúnaithe SRT i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a leagan síos, lena n-áirítear dearadh leathan na tástála nua SRT. Ba cheart an chaoi ar cheart sonraí teicniúla na tástála a chur chun feidhme, na ceanglais maidir le gnéithe struchtúracha na n-idirbheart, agus prionsabail an phróisis measúnaithe a shonrú sna caighdeáin theicniúla rialála arna bhforbairt ag an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE).
- (9) Ba cheart tástáil nua cur chuige bunaithe ar phrionsabail a thabhairt isteach in ionad na dtástálacha meicniúla atá ann cheana, chun suntasacht an riosca a aistrítear trí urrúsú a thomhas. An cur chuige bunaithe ar chead atá ann faoi láthair, ina mbaintear SRT amach trí chead a dheonaíonn an t-údarás inniúil, ba cheart é a bhaint agus níor cheart a cheadú go n-úsáidfí a thuilleadh é i ngeall ar an úsáid an-teoranta a bhaintear as. Chun an measúnú SRT a chuíchóiriú a thuilleadh, agus chun trédhearcacht agus intuathacht a mhéadú do thionscnóirí, ba cheart ceanglas nua a thabhairt isteach do thionscnóirí féinmheasúnú a chur isteach chun a léiriú go gcomhlíontar na ceanglais a bhaineann le SRT, lena n-áirítear faoi dhálaí struis. Mar chuid den fhéinmheasúnú, ba cheart do thionscnóirí anailís sreabhaidh airgid a fhorbairt chun fianaise a sholáthar maidir le hathléimneacht SRT.
- (10) Chun éifeachtúlacht na measúnuithe maoirseachta SRT a mhéadú, ba cheart prionsabail measúnuithe maoirseachta SRT a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais. Ba cheart do ÚBE na prionsabail sin a shonrú sna caighdeáin theicniúla rialála, ar cheart prionsabail ardleibhéil a áireamh iontu freisin le haghaidh mearphróiseas i gcomhair urrúsuithe cáilitheacha.
- (11) Ba cheart leasuithe spriocdhírithe a thabhairt isteach i bhforálacha sonracha de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 chun feabhas a chur ar chomhsheasmhacht theicniúil

agus chun soiléirithe breise a sholáthar maidir leis an réasúnaíocht is bonn le forálacha áirithe den chreat atá ann faoi láthair. Chun a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis inniúla agus na hinstitiúidí creidmheasa ar fud an Aontais Airteagal 254(2) a léirmhíniú go comhsheasmhach, ba cheart a shonrú freisin gurb é is aidhm don Airteagal sin úsáid éigeantach SEC-ERBA a sheachaint i ndáil le hidirbhearta arb í an uasteorainn cheannasach – agus ní próifíl riosca na n-idirbheart – an tiomántóir is mó a chuireann uasteorainn leis an rátaíl agus na hualaí riosca faoin gcur chuige sin á gcinneadh.

- (12) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a leasú dá réir sin.
- (13) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (14) Faoi cheann 4 bliana tar éis an teacht i bhfeidhm, ba cheart don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le ÚBE, a bhreithniú ar cheart athrú níos bunúsaí ar na foirmlí agus ar na feidhmeanna ualaithe riosca a thabhairt isteach sa mheántearma/san fhadtearma sa chaoi go mbeifear in ann, ar bhealach cuimsitheach, íogaireacht níos mó i leith riosca a chothú, leibhéil neamhneodrachta caipitil níos comhréirí a bhaint amach, éifeachtaí aille a mhaolú agus aghaidh a thabhairt ar theorainneacha struchtúracha an chreata atá ann faoi láthair,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 238(2), cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

‘Ní mheasfar dreasacht dhearfach a bheith i gcéadroghanna ama ar cheannach ach amháin i gcás ina n-áirítear i gclásail chonartha, tráth thionscnamh an chonartha, téarmaí ar ina leith is féidir coinne a bheith leis gur áiríodh téarmaí den sórt sin sa doiciméadacht idirbhirt chun méadú a dhéanamh ar a bhuntáistí atá feidhmiú na céadrogha ama ar cheannach.’;
- (2) Leasaítear Airteagal 242 mar a leanas:
 - (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6:

‘(6) ciallaíonn ‘suíomh urrúsúcháin sinsearach’ suíomh a bhfuil a phointe astaithe os cionn K_{IRB} nó K_A agus atá bunaithe nó urraithe ag éileamh chéadtosaíochta ar iomlán na neamhchosaintí foluiteacha, gan aird a thabhairt chun na gcríoch sin ar mhéideanna atá dlite faoi chonarthaí díorthach ráta úis nó airgeadra, ar tháillí nó ar íocaíochtaí comhchosúla eile, agus gan beann ar aon difríocht aibíochta le ceann amháin nó níos mó de thráinsí sinsearach eile lena roinneann an suíomh sin caillteanais ar bhonn *pro rata*;’
 - (b) scriostar pointe (18);
- (3) Leasaítear Airteagal 243 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal an Airteagail:

‘Airteagal 243

Critéir le haghaidh láimhseáil dhifreáilte caipitil’

- (b) i mír (2), leasaítear pointe (b) mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

‘(ii) 60 % ar bhonn neamhchosanta aonair i gcás inar iasacht arna hurrú le morgáiste tráchtála í an neamhchosaint;’;

- (2) scriostar pointe (iii);

- (c) cuirtear isteach na míreanna 3, 4 agus 5 seo a leanas:

‘3. Beidh suíomh sinsearach in urrúsú STS incháilithe don láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 260(2), Airteagal 262(2), Airteagal 264(2a) agus Airteagal 264(3a) i gcás ina gcomhlíonfar na ceanglais seo a leanas:

- (a) i gcás suíomh i gclár ABCP nó in idirbheart ABCP:

- (b) ceanglais Airteagal 243(1)

- (c) ar an dáta tionscanta agus ar bhonn leanúnach ina dhiaidh sin, cinntear pointe astaithe an tsuímh urrúsúcháin shinsearaigh mar a leanas:

$A \geq 1,5 * K_A$, agus SEC-SA nó SEC-ERBA á n-úsáid, nó

$A \geq 1,1 * (EL * WAL$ na punainne urrúsaithe tagartha tosaigh + UL), agus SEC-IRBA á úsáid.

- (d) i gcás suímh, urrúsúchán seachas clár ABCP nó idirbheart ABCP:

- (e) ceanglais Airteagal 243(2)

- (f) ar an dáta tionscanta agus ar bhonn leanúnach ina dhiaidh sin, cinntear pointe astaithe an tsuímh urrúsúcháin shinsearaigh mar a leanas:

$A \geq 1,5 * K_A$, agus SEC-SA nó SEC-ERBA á n-úsáid, nó

$A \geq 1,1 * (EL * WAL$ na punainne urrúsaithe tagartha tosaigh + UL), agus SEC-IRBA á úsáid.

4. Beidh suíomh urrúsúcháin sinsearach in urrúsú neamh-STs incháilithe don láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 259(1b), Airteagal 261(1b), Airteagal 263(2a) agus Airteagal 263(3a) i gcás ina gcomhlíonfar na ceanglais seo a leanas, ar an dáta tionscanta agus ar bhonn leanúnach ina dhiaidh sin:

- (a) i gcás urrúsú laistigh den chlár comhardaithe:

- (1) ceanglas Airteagal 26c(5) de Rialachán (AE) 2017/2402 agus ceanglais Rialachán Tarmlichte (AE) 2024/920 ón gCoimisiún;

- (2) ceanglais Airteagail 26(e)8, 9 agus 10 de Rialachán (AE) 2017/2402;

- (3) cinntear pointe astaithe an tsuímh urrúsúcháin shinsearaigh mar a leanas:

$A \geq 1,5 * K_A$, agus SEC-SA nó SEC-ERBA á n-úsáid, nó

$A \geq 1,1 * (EL * WAL$ na punainne urrúsaithe tagartha tosaigh + UL), agus SEC-IRBA á úsáid;

- (4) ceanglas Airteagal 243(2), pointe (a), den Rialachán seo;
 - (5) ní suíomh infheisteora é an suíomh;
 - (b) i gcás clár ABCP nó idirbheart ABCP:
 - (1) ceanglais Airteagal 24(17), pointe (b), de Rialachán (AE) 2017/2402;
 - (2) cinntear pointe astaithe an tsuímh urrúsúcháin shinsearaigh mar a leanas:

$$A \geq 1,5 * K_A, \text{ agus SEC-SA nó SEC-ERBA á n-úsáid, nó}$$

$$A \geq 1,1 * (EL * WAL \text{ na punainne urrúsaithe tagartha tosaigh} + UL), \text{ agus SEC-IRBA á úsáid;}$$
 - (3) ceanglais Airteagal 243(1), pointe (b), den Rialachán seo;
 - (4) ní suíomh infheisteora é an suíomh;
 - (c) i gcás urrúsú traidisiúnta neamh-ABCP:
 - (1) ceanglais Airteagal 21(4), pointe (b), agus Airteagal 21(5) de Rialachán (AE) 2017/2402;
 - (2) cinntear pointe astaithe an tsuímh urrúsúcháin shinsearaigh mar a leanas:

$$A \geq 1,5 * K_A, \text{ agus SEC-SA nó SEC-ERBA á n-úsáid, nó}$$

$$A \geq 1,1 * (EL * WAL \text{ na punainne urrúsaithe tagartha tosaigh} + UL), \text{ agus SEC-IRBA á úsáid;}$$
 - (3) ceanglas Airteagal 243(2), pointe (a), den Rialachán seo; ní suíomh infheisteora é an suíomh.
5. Chun críocha mhíreanna 3 agus 4, déanfar WAL (meánré ualaithe) na punainne tagartha tosaigh a ríomh trí am-ualú a dhéanamh ar aisíocaíochtaí príomhshuimeanna ó na neamhchosaintí urrúsaithe agus orthu sin amháin, go dtí aibíocht ionchasach an idirbhirt, gan aon íocaíocht a bhaineann le táillí nó ús atá le híoc ag oibleagáideoirí na neamhchosaintí urrúsaithe a chur san áireamh, agus, i gcás urrúsuithe sintéiseacha, gan aon toimhde maidir le réamhíocaíocht a chur san áireamh. I gcás idirbheart a bhfuil tréimhse athshlánaithe aige, is éard a bheidh in WAL suim na tréimhse athshlánaithe atá fágtha móide meánré ualaithe na punainne tagartha atá fágtha arna tomhas ó dheireadh na tréimhse athshlánaithe sin. Ní bheidh WAL níos faide ná 5 bliana.’;
- (4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 244 agus 245:

‘Airteagal 244

Urrúsú traidisiúnta

1. Féadfaidh institiúid tionscnóra urrúsaithe thraidisiúnta na neamhchosaintí urrúsaithe a eisiamh agus méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca agus, i gcás inarb ábhartha, méideanna caillteanais ionchasaigh á ríomh i gcás ina gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) rinneadh riosca creidmheasa suntasach a bhaineann leis na neamhchosaintí urrúsaithe a aistriú chuig tríú páirtithe, nó cuireann an institiúid tionscnóra

ualach riosca 1 250 % i bhfeidhm maidir leis na suíomhanna urrúsúcháin uile atá i seilbh na hinstitiúide san urrúsú nó baineann sí na suíomhanna urrúsúcháin sin as míreanna Ghnáthchothromas Leibhéal 1 i gcomhréir le hAirteagal 36(1), pointe (k);

- (b) comhlíontar na coinníollacha maidir leis an aistriú riosca iarbhir ar na neamhchosaintí urrúsaithe dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo.

2. Measfar riosca creidmheasa suntasach a bheith aistrithe chuig tríú páirtithe i gcás inarb amhlaidh, tar éis leithdháileadh chaillteanas ionchasach saoil na neamhchosaintí foluiteacha ar thráinsí an urrúsaithe, gurb é atá sa sciar de mhéideanna ualaithe caillteanais neamhionchasacha na neamhchosaintí foluiteacha a leithdháiltear ar na suíomhanna urrúsúcháin a d'aistrigh an institiúid tionscnóra chuig tríú páirtithe 50 % ar a laghad de mhéideanna ualaithe caillteanais neamhionchasacha na neamhchosaintí foluiteacha a leithdháiltear ar na tráinsí urrúsúcháin uile i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$\frac{\sum_i RWEA_i \times UL_{trans_i}}{\sum_i RWEA_i \times UL_i} \geq 0.5$$

nuair atá:

- $RWEA_i$ cothrom leis an méid neamhchosanta ualaithe ó thaobh riosca de thráinse i
- UL_i cothrom leis an méid caillteanas neamhionchasach a leithdháiltear ar thráinse i i gcás ina mbeidh an caillteanas neamhionchasach cothrom leis na méideanna neamhchosanta ualaithe ó thaobh riosca a ríomhfadh an institiúid tionscnóra faoi Chaibidil 2 nó faoi Chaibidil 3, de réir mar is infheidhme, i leith na neamhchosaintí foluiteacha dá mba nár urrúsaíodh iad, arna iolrú faoi 8 %.
- UL_{trans_i} cothrom leis an méid UL_i a leithdháiltear ar na suíomhanna urrúsúcháin aistrithe i dtráinse i

Chun críocha na foirmle seo, ní áireofar sna méideanna neamhchosanta ualaithe ó thaobh riosca a ríomhfaí faoi Chaibidil 3 an méid caillteanas ionchasach a bhaineann le neamhchosaintí foluiteacha uile an urrúsaithe, lena n-áirítear neamhchosaintí foluiteacha ar mainneachtain atá fós ina gcuid den chomhthiomsú.

3. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh údaráis inniúla a cheangal ar an institiúid tionscnóra, ar bhonn cás ar chás, méid ualaithe caillteanas neamhionchasach atá níos mó ná an sciar 50 % dá dtagraítear sa mhír sin a aistriú chuig tríú páirtithe, nó agóid a dhéanamh in aghaidh an aistrithe riosca creidmheasa shuntasaigh. Féadfar na bearta dá dtagraítear sa mhír seo a fhorchur chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna maidir le bainistiú córas agus rialuithe nó teipeanna rialachais inmheánaigh eile de chuid na hinstitiúide tionscnóra, lena n-áirítear pleananna gníomhaíochta feabhais nár cuireadh i gcrích go fóill tar éis scrúduithe maoirseachta, nó i gcás ina measfaidh an t-údarás inniúil go bhfuil an riosca creidmheasa a aistríodh faoi mhír 2 neamhleor chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe áirithe speisialta nó casta den urrúsú, nó as a n-eascaíonn faoiseamh caipitil díreireach.

4. I dteannta na gceanglas a leagtar amach i míreanna 1, 2, agus 3, comhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas maidir leis an aistriú riosca iarbhir:

- (a) léiríonn doiciméadacht an idirbhirt tábhacht eacnamaíoch an urrúsúcháin;

- (b) ní hionann na suíomhanna urrúsúcháin agus oibleagáidí íocaíochta na hinstitiúide tionscnóra;
- (c) fágadh nach bhfuil breith ag an institiúid tionscnóra gona creidiúnaithe ar na neamhchosaintí foluiteacha ar bhealach a gcomhlíonann an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2017/2402;
- (d) ní choinníonn an institiúid tionscnóra rialú ar na neamhchosaintí foluiteacha;
- (e) níl téarmaí ná coinníollacha sa doiciméadacht urrúsúcháin lena gceanglaítear ar an institiúid tionscnóra na neamhchosaintí foluiteacha a athrú chun feabhas a chur ar mheáncháilíocht an chomhthiomsaithe nó chun an toradh is iníoctha le sealbhóirí suíomhanna a mhéadú nó chun na suíomhanna san urrúsú a fheabhsú ar bhealach eile mar fhreagairt ar mheathlú ar cháilíocht chreidmheasa na neamhchosaintí foluiteacha;
- (f) i gcás inarb infheidhme, is léir i ndoiciméadacht an idirbhirt nach bhféadfaidh an tionscnóir ná an t-urraitheoir suíomhanna urrúsúcháin a cheannach ná a athcheannach, nó na neamhchosaintí foluiteacha a athcheannach, a athstruchtúrú ná a ionadú thar a n-oibleagáidí conarthacha ach amháin i gcás ina ndéantar na socruithe sin a fhorghníomhú i gcomhréir le coinníollacha an mhargaidh atá i réim agus i gcás ina ngníomhaíonn na páirtithe lena mbaineann ar mhaithe leo féin mar pháirtithe saora neamhspleácha (ar neamhthuilleamaí);
- (g) ní léiríonn an t-idirbheart urrúsúcháin aon ghné struchtúrach a choisceann aistriú riosca creidmheasa iarbhrí chuig tríú páirtithe ar bhonn inbhuanaithe nó a bhaineann an bonn go mór de nó, i gcás inar ann d'aon cheann de na gnéithe sin, léiríonn an t-idirbheart coimircí leormhaithe;
- (h) i gcás ina bhfuil céadrogha ar cheannach farasbairr ann, comhlíonfaidh an rogha sin na coinníollacha uile seo a leanas freisin:
 - (1) is féidir an rogha sin a fheidhmiú faoi rogha na hinstitiúide tionscnóra;
 - (2) ní féidir an rogha a fheidhmiú ach amháin nuair atá 10 % nó níos lú de luach bunaidh na neamhchosaintí foluiteacha fós gan amúchadh;
 - (3) níl an rogha sin struchtúraithe ionas nach leithdháilfear caillteanais ar shuíomhanna feabhsaithe creidmheasa ná ar shuíomhanna eile atá i seilbh infheisteoirí san urrúsú agus níl sé struchtúraithe ar aon slí eile chun feabhsú creidmheasa a chur ar fáil;
- (i) tá tuairim faighte ag an institiúid tionscnóra ó dhlíodóir cáilithe lena ndeimhnítear go gcomhlíonann an t-urrúsú na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (c) den mhír seo.

Chun críocha phointe (d), measfar go gcoinnítear rialú ar na neamhchosaintí foluiteacha i gcás ina mbeidh sé de cheart ag an tionscnóir na neamhchosaintí a aistríodh roimhe sin a athcheannach ón aistrí chun a dtairbhí a réadú nó má cheanglaítear ar bhealach eile an riosca aistrithe a ghlacadh arís. Má tá institiúid tionscnóra ag coimeád na gceart nó na n-oibleagáidí seirbhísithe i leith neamhchosaintí foluiteacha, ní leor é sin ann féin mar rialú ar na neamhchosaintí.

5. Comhlíonfar na coinníollacha maidir le haistriú riosca creidmheasa shuntasaigh dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 tráth thionscnamh an urrúsaithe lena gcumhdaítear saolré an idirbhirt faoi dhálaí sa bhunchás agus sa chás struis araon, ar choinníoll nach ndéanfar aon athrú struchtúrach ar an idirbheart tar éis an tionscnaimh.

Comhlíonfar na ceanglais dá dtagraítear i mír 4 ar bhonn leanúnach. Cuirfidh an institiúid tionscnóra féinmheasúnú faoi bhráid an údaráis inniúil chun a léiriú go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le haistriú riosca creidmheasa iarbhír agus, i gcás inarb infheidhme, aistriú riosca creidmheasa shuntasaigh dá dtagraítear i míreanna 1 go 4.

6. I gcás idirbhearta áirithe nach léiríonn gnéithe fadhbacha, féadfaidh údaráis inniúla mearphróiseas measúnaithe simplithe a chur i bhfeidhm.
7. Forbróidh ÚBE caighdeáin theicniúla rialála chun an méid seo a leanas a shonrú:
 - (a) na coinníollacha maidir leis an gceanglas i ndáil le haistriú riosca creidmheasa shuntasaigh dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus in Airteagal 245(2) a chomhlíonadh, go háirithe:
 - (1) ríomh agus leithdháileadh chaillteanais ionchasacha saoil na neamhchosaintí foluiteacha chun críocha mhír den Airteagal seo agus Airteagal 245(2);
 - (2) leithdháileadh chaillteanais neamhionchasacha na neamhchosaintí urrúsaithe ar na tráinsí urrúsúcháin chun críocha mhír den Airteagal seo agus Airteagal 245(2);
 - (3) ríomh méideanna ualaithe caillteanas neamhionchasach i ndáil le leithdháileadh chaillteanais neamhionchasacha na neamhchosaintí urrúsaithe ar na tráinsí urrúsúcháin de mhír den Airteagal seo agus Airteagal 245(2);
 - (b) na gnéithe struchtúracha agus na coimircí dá dtagraítear in Airteagal 244(4), pointe (g) agus Airteagal 245(4), pointe (f), faoi seach, go háirithe cumhdach na gclásal dlí maidir le luathfhoirceannadh urrúsaithe;
 - (c) na híoscheanglais maidir leis an bhféinmheasúnú a dhéanfaidh an institiúid tionscnóra dá dtagraítear in Airteagal 244(5) agus in Airteagal 245(5), lena n-áirítear sonrú na gcásanna atá le cur i bhfeidhm;
 - (d) na coinníollacha faoina gcuirfidh na húdaráis inniúla Airteagal 244(2) agus (3) agus Airteagal 245(2) agus (3) i bhfeidhm maidir le hidirbhearta urrúsúcháin agus institiúidí tionscnóra;
 - (e) na prionsabail ardleibhéil le haghaidh an phróisis chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir leis an gceanglas aistriú riosca creidmheasa a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 244(1) go (4) agus Airteagal 245(1) go (4), agus na prionsabail ardleibhéil chun go mbeidh urrúsaithe áirithe incháilithe do mhearphróiseas measúnaithe simplithe dá dtagraítear in Airteagal 244(6) agus in Airteagal 245(6);
 - (f) na coigeartuithe is gá chun Airteagail 244 agus 245 a chur i bhfeidhm maidir le hurrúsaithe neamhchosaintí neamhthuillmheacha.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [18 mí tar éis dháta an teacht i bhfeidhm].

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

8. Faoi 31 Márta gach bliain, tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra do ÚBE faoi na hurrúsuithe uile a ndearnadh measúnú orthu i gcomhréir le míreanna 1 go 7 sa bhliain roimhe sin. Cuirfear in iúl san fhógra an fhaisnéis uile is gá chun an cóimheas faoi mhír 2 a ríomh agus maidir leis na gnéithe struchtúracha ábhartha. Leis an bhfaisnéis sin, soláthrófar ar a laghad miondealú ar mhéid, ar thiús agus ar mhéideanna na dtráinsí, caillteanas na punainne i gcás mainneachtana (LGD), caillteanas ionchasach na punainne (EL), caillteanas ionchasach saoil na punainne (LTEL), caillteanas neamhionchasach na punainne (UL), WAL na neamhchosaintí foluiteacha agus ualaí riosca na dtráinsí, agus faisnéis i dtaobh cé acu a cuireadh nó nár cuireadh na bearta dá dtagraítear i mír 3 i bhfeidhm.

Airteagal 245

Urrúsú sintéiseach

1. Féadfaidh institiúid tionscnóra urrúsaithe shintéisigh méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca a ríomh, agus, i gcás inarb ábhartha, méideanna caillteanais ionchasaigh i leith na neamhchosaintí foluiteacha i gcomhréir le hAirteagail 251 agus 252, i gcás ina gcomhlíontar ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) rinneadh riosca creidmheasa suntasach a bhaineann leis na neamhchosaintí urrúsaithe a aistriú chuig tríú páirtithe, nó cuireann an institiúid tionscnóra ualach riosca 1 250 % i bhfeidhm maidir leis na suíomhanna urrúsúcháin uile atá i seilbh na hinstitiúide san urrúsú nó baineann sí na suíomhanna urrúsúcháin sin as míreanna Ghnáthchothromas Leibhéal 1 i gcomhréir le hAirteagal 36(1), pointe (k);
 - (b) comhlíontar na coinníollacha maidir leis an aistriú riosca iarbhair ar na neamhchosaintí urrúsaithe dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo.
2. Measfar riosca creidmheasa suntasach a bheith aistrithe chuig tríú páirtithe i gcás inarb amhlaidh, tar éis leithdháileadh chaillteanas ionchasach saoil na neamhchosaintí foluiteacha ar thráinsí an urrúsaithe, gurb é atá sa sciar de mhéideanna ualaithe chaillteanais neamhionchasacha na neamhchosaintí foluiteacha a leithdháiltear ar na suíomhanna urrúsúcháin a d'aistrigh an institiúid tionscnóra chuig tríú páirtithe 50 % ar a laghad de mhéideanna ualaithe uile chaillteanais neamhionchasacha na neamhchosaintí foluiteacha a leithdháiltear ar na tráinsí urrúsúcháin uile i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$\frac{\sum_i RWEA_i \times UL_{trans_i}}{\sum_i RWEA_i \times UL_i} \geq 0.5$$

nuair atá:

- $RWEA_i$ cothrom leis an méid neamhchosanta ualaithe ó thaobh riosca de thráinse i
- UL_i cothrom leis an méid caillteanas neamhionchasach a leithdháiltear ar thráinse i i gcás ina mbeidh an caillteanas neamhionchasach cothrom leis na méideanna neamhchosanta ualaithe ó thaobh riosca a ríomhfadh an institiúid tionscnóra faoi Chaibidil 2 nó faoi Chaibidil 3, de réir mar is infheidhme, i leith na neamhchosaintí foluiteacha dá mba nár urrúsaíodh iad, arna iolrú faoi 8 %.
- UL_{trans_i} cothrom leis an méid UL_i a leithdháiltear ar na suíomhanna urrúsúcháin aistrithe i dtráinse i

Chun críocha na foirmle seo, ní áireofar sna méideanna neamhchosanta ualaithe ó thaobh riosca a ríomhaí faoi Chaibidil 3 an méid caillteanas ionchasach a bhaineann le neamhchosaintí foluiteacha uile an urrúsaithe, lena n-áirítear neamhchosaintí foluiteacha ar mainneachtain atá fós ina gcuid den chomhthiomsú.

3. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh údaráis inniúla a cheangal ar an institiúid tionscnóra, ar bhonn cás ar chás, méid ualaithe caillteanas neamhionchasach atá níos mó ná an sciar 50 % dá dtagraítear sa mhír sin a aistriú chuig tríú páirtithe, nó agóid a dhéanamh in aghaidh an aistrithe riosca shuntasaigh. Féadfaidh údaráis inniúla na bearta dá dtagraítear sa mhír seo a fhorchur i gcás inar gá chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna maidir le bainistiú córas agus rialuithe nó teipeanna rialachais inmheánaigh eile de chuid na hinstitiúide tionscnóra, lena n-áirítear pleananna gníomhaíochta feabhais nár cuireadh i gcrích go fóill tar éis scrúduithe maoirseachta, nó i gcás ina measfaidh an t-údarás inniúil go bhfuil an riosca creidmheasa a aistríodh faoi mhír 2 neamhleor chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe áirithe speisialta nó casta den urrúsú, nó as a n-eascraíonn faoiseamh caipitil díréireach.
4. I dteannta na gceanglas a leagtar amach i míreanna 1, 2, agus 3, comhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas maidir leis an aistriú riosca iarbhair:
 - (a) léiríonn doiciméadacht an idirbhirt tábhacht eacnamaíoch an urrúsúcháin;
 - (b) an chosaint chreidmheasa ar dá bua a aistrítear an riosca creidmheasa, comhlíonann sí Airteagal 249;
 - (c) níl téarmaí ná coinníollacha i ndoiciméadacht an urrúsúcháin lena ndéantar an méid seo a leanas:
 - (1) tairseacha ábharthachta móra a fhorchur a measfar nár spreagadh cosaint chreidmheasa fúthu má tharlaíonn teagmhas creidmheasa;
 - (2) foirceannadh na cosanta a cheadú mar gheall ar mheathlú ar cháilíocht chreidmheasa na neamhchosaintí foluiteacha;
 - (3) a cheangal ar an institiúid tionscnóra comhdhéanamh na neamhchosaintí foluiteacha a athrú chun feabhas a chur ar mheáncháilíocht an chomhthiomsaithe; nó
 - (4) costas chosaint chreidmheasa na hinstitiúide nó an toradh is iníoctha le sealbhóirí suíomhanna laistigh den urrúsú a mhéadú mar fhreagairt ar mheathlú ar cháilíocht chreidmheasa an chomhthiomsaithe fholuitigh;
 - (d) tá an chosaint chreidmheasa infhorghníomhaithe sna dlínsí ábhartha uile;
 - (e) i gcás inarb infheidhme, is léir i ndoiciméadacht an idirbhirt nach bhféadfaidh an tionscnóir ná an t-urraitheoir suíomhanna urrúsúcháin a cheannach ná a athcheannach, nó na neamhchosaintí foluiteacha a athcheannach, a athstruchtúrú ná a ionadú thar a n-oibleagáidí conarthacha ach amháin i gcás ina ndéantar na socruithe sin a fhorghníomhú i gcomhréir le coinníollacha an mhargaidh atá i réim agus i gcás ina ngníomhaíonn na páirtithe lena mbaineann ar mhaithe leo féin mar pháirtithe saora neamhspleácha (ar neamhthuilleamaí);
 - (f) ní léiríonn an t-idirbheart urrúsúcháin aon ghné struchtúrach a choisceann aistriú riosca creidmheasa iarbhair chuig tríú páirtithe ar bhonn inbhuanaithe nó a bhaineann an bonn go mór de nó, i gcás inar ann d'aon cheann de na gnéithe sin, léiríonn an t-idirbheart coimircí leormhaithe;

- (g) i gcás ina bhfuil céadrogha ar cheannach farasbairr ann, comhlíonann an rogha sin na coinníollacha uile seo a leanas:
- (1) féadfar an rogha sin a fheidhmiú faoi rogha na hinstitiúide tionscnóra;
 - (2) ní féidir an rogha a fheidhmiú ach amháin nuair atá 10 % nó níos lú de luach bunaidh na neamhchosaintí foluiteacha fós gan amúchadh;
 - (3) níl an rogha sin struchtúraithe ionas nach leithdháilfear caillteanais ar shuíomhanna feabhsaithe creidmheasa ná ar shuíomhanna eile atá i seilbh infheisteoirí san urrúsú agus níl sé struchtúraithe ar aon slí eile chun feabhsú creidmheasa a chur ar fáil;
- (h) i gcás ina mbeidh céadrogha ama ar cheannach ann, ní bheidh an rogha infheidhmithe ach amháin tar éis tréimhse arna tomhas ó dháta deiridh idirbhirt a chomhfhreagraíonn do mheánré ualaithe tosaigh na neamhchosaintí urrúsaithe, nó tar éis tréimhse arna tomhas ó dheireadh tréimhse athshlánaithe idirbhirt a chomhfhreagraíonn don mheánré ualaithe ag deireadh na tréimhse athshlánaithe sin;
- (i) tá tuairim faighte ag an institiúid tionscnóra ó dhlíodóir cáilithe lena ndeimhnítear go gcomhlíonann an t-urrúsú na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (d) den mhír seo.
5. Comhlíonfar na coinníollacha maidir le haistriú riosca creidmheasa shuntasaigh dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 tráth thionscnamh an urrúsaithe lena gcumhdaítear saolré an idirbhirt faoi dhálaí sa bhunchás agus sa chás struis araon, ar choinníoll nach ndéanfar aon athrú struchtúrach ar an idirbheart tar éis an tionscnaimh. Comhlíonfar na ceanglais dá dtagraítear i mír 4 ar bhonn leanúnach. Cuirfidh an institiúid tionscnóra féinmheasúnú faoi bhráid an údaráis inniúil chun a léiriú go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le haistriú riosca creidmheasa iarbhair agus, i gcás inarb infheidhme, aistriú riosca creidmheasa shuntasaigh dá dtagraítear i míreanna 1 go 4.
6. I gcás idirbhearta áirithe nach léiríonn gnéithe fadhbacha, féadfaidh údaráis inniúla mearphróiseas measúnaithe simplithe a chur i bhfeidhm.
7. Faoi 31 Márta gach bliain, tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra do ÚBE faoi na hurrúsuithe uile a bhfuarthas féinmheasúnú ina leith i gcomhréir le míreanna 1 go 6 sa bhliain roimhe sin. Cuirfear in iúl san fhógra an fhaisnéis uile is gá chun an cóimheas faoi mhír 2 a ríomh agus maidir leis na gnéithe struchtúracha ábhartha. Leis an bhfaisnéis sin, soláthrófar ar a laghad miondealú ar mhéid, ar thiús agus ar mhéideanna na dtráinsí, caillteanas na punainne i gcás mainneachtana (LGD), caillteanas ionchasach na punainne (EL), caillteanas ionchasach saoil na punainne (LTEL), caillteanas neamhionchasach na punainne (UL), WAL na neamhchosaintí foluiteacha agus ualaí riosca na dtráinsí, agus faisnéis i dtaobh cé acu a cuireadh nó nár cuireadh na bearta dá dtagraítear i mír 3 i bhfeidhm.’;
- (5) Leasaítear Airteagal 248(1) mar a leanas:
- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):
- ‘(b) is é a bheidh i luach neamhchosanta suíomh urrúsúcháin lasmuigh den chlár comhardaithe ná a luach ainmniúil lúide aon choigeartú ábhartha sonracha i leith riosca creidmheasa a bhaineann leis an suíomh urrúsúcháin i gcomhréir le hAirteagal 110, iolraithe faoin bhfachtóir coinbhéartaithe ábhartha a leagtar amach sa phointe (b) seo. Beidh an fachtóir coinbhéartaithe cothrom le 100 %,

ach amháin i gcás na saoráidí airleacain airgid. Chun luach neamhchosanta na coda neamhtharraingthe de na saoráidí airleacain airgid a chinneadh, féadfar fachtóir coinbhéartachta 0 % a chur i bhfeidhm maidir le méid ainmniúil saoráide leachtachta atá incheallaithe go neamhchoinníollach ar choinníoll go bhfuil aisíocaíocht tarraingtí ar an tsaoaráid níos sinsearaí ná aon éileamh eile ar an sreabhadh airgid a eascraíonn as na neamhchosaintí foluiteacha;’;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) féadfaidh institiúid tionscnóra méid na gcoigeartuithe sonracha i leith riosca creidmheasa a bhaineann leis na neamhchosaintí foluiteacha a bhaint, i gcomhréir le hAirteagal 110, as luach neamhchosanta suímh urrúsúcháin dá sanntar ualach riosca 1 250 % i gcomhréir le Foroinn 3, nó a bhaintear as Gnáthchothromas Leibhéal 1 i gcomhréir le hAirteagal 36(1), pointe (k), chomh maith le haon lascaine neamh-inaisíoctha ar an bpraghas ceannaigh atá nasctha leis na neamhchosaintí foluiteacha sin a mhéid a bhí na lascainí sin ina gcúis le laghdú ar chistí dílse.

Féadfar méid na gcoigeartuithe sonracha i leith riosca creidmheasa a bhaint i gcomhréir leis an gcéad fhomhír de phointe (d) as luach neamhchosanta suímh urrúsúcháin dá sanntar ualach riosca is ísle ná 1 250 %, ar choinníoll go bhfuil pointe astaithe an tsuímh níos ísle ná K_{IRB} nó K_A . Sa chás sin, measfar go bhfuil suíomh urrúsúcháin ina dhá shuíomh urrúsúcháin chun críocha an phointe (d) seo: an suíomh a bhfuil A cothrom le K_{IRB} nó K_A ina leith agus an suíomh sóisearach a bhfuil A faoi bhun K_{IRB} nó K_A agus D cothrom le K_{IRB} nó K_A ina leith, agus na coigeartuithe sonracha i leith riosca creidmheasa, ní fhéadfar iad a bhaint ach amháin as luach neamhchosanta an tsuímh urrúsúcháin arb é an suíomh sóisearach é a bhfuil A faoi bhun K_{IRB} nó K_A agus D cothrom le K_{IRB} nó K_A ina leith.’;

- (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

‘(e) áireofar an méid seo a leanas, de réir mar is infheidhme, i luach neamhchosanta bharrachas an raoin difríochta shintéisigh arna ainmniú de réir conartha:

- (1) aon ioncam ó na neamhchosaintí urrúsaithe a d’aithin an institiúid tionscnóra cheana ina ráiteas ar ioncam faoin gcreat cuntasáíochta is infheidhme, ar ioncam é a rinne an institiúid tionscnóra a ainmniú go conarthach i leith an idirbhirt mar bharrachas raoin difríochta shintéisigh agus atá fós ar fáil chun caillteanais a ionsú;
- (2) aon bharrachas raoin difríochta shintéisigh arna ainmniú go conarthach ag an institiúid tionscnóra in aon tréimhse san am atá thart agus atá fós ar fáil chun caillteanais a ionsú;
- (3) aon bharrachas raoin difríochta shintéisigh arna ainmniú go conarthach ag an institiúid tionscnóra don tréimhse chonarthach reatha agus atá fós ar fáil chun caillteanais a ionsú;
- (4) aon bharrachas raoin difríochta shintéisigh arna ainmniú go conarthach ag an institiúid tionscnóra le haghaidh tréimhsí conarthacha amach anseo.

Chun críocha an phointe (e) seo, ní áireofar sa luach neamhchosanta aon mhéid a sholáthraítear mar fheabhsú comhthaobhachta nó creidmheasa maidir leis an

urrúsú sintéiseach agus atá faoi réir ceanglas cistí dílse cheana i gcomhréir leis an gCaibidil seo.’;

(d) scriostar an dara, an tríú agus an ceathrú fomhír.

(6) Leasaítear Airteagal 254 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) i gcás nach bhféadfar SEC-SA a úsáid, i gcomhréir le míreanna 2 agus 4 den Airteagal seo, úsáidfídh institiúid SEC-ERBA i gcomhréir le hAirteagail 263 agus 264 le haghaidh suíomhanna rátáilte nó suíomhanna ar féidir rátáil a tugadh le tuiscint a úsáid ina leith.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Gan dochar do mhír 1, pointí (b) agus (c), den Airteagal seo, féadfaidh institiúid Cur Chuige an Mheasúnaithe Inmheánaigh a chur i bhfeidhm chun méideanna neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca a ríomh i ndáil le suíomh gan rátáil i gclár páipéar tráchtála sócmhainn-bhunaithe (ABCP) nó in idirbheart ABCP i gcomhréir le hAirteagal 266, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 265. I gcás ina bhfuil cead faighte ag institiúid leas a bhaint as an as Cur Chuige an Mheasúnaithe Inmheánaigh i gcomhréir le hAirteagal 265(2), agus i gcás ina dtagann suíomh sonrach i gclár ABCP nó in idirbheart ABCP laistigh den raon feidhme a chumhdaítear leis an gcead sin, cuirfidh an institiúid Cur Chuige an Mheasúnaithe Inmheánaigh i bhfeidhm chun méid na neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca a ríomh don suíomh sin.’;

(7) in Airteagal 255, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. I gcás ina gcuirfidh institiúid SEC-SA i bhfeidhm faoi Fhoroinn 3, ríomhfaidh an institiúid sin KSA trí na méideanna neamhchosanta ualaithe ó thaobh riosca i leith na neamhchosaintí nár mhainnigh a ríomhfaí faoi Chaibidil 2 dá mba nár urrúsaíodh iad a iolrú faoi 8 %, arna roinnt ar shuim luachanna neamhchosanta na neamhchosaintí foluiteacha nár mhainnigh. Sloinnfear KSA i bhfoirm dheachúil idir nialas agus a haon.

Chun críocha na míre seo, ní áireofar ar neamhchosaintí nár mhainnigh neamhchosaintí foluiteacha atá ar mainneachtain dá dtagraítear in Airteagal 261(2).

Chun críocha na míre seo, ríomhfaidh institiúidí luach neamhchosanta na neamhchosaintí foluiteacha agus aon choigeartú sonrach i leith riosca creidmheasa agus aon choigeartú luacha breise i gcomhréir le hAirteagail 34 agus 110 agus aon laghdú eile ar chistí dílse san áireamh.’;

(8) In Airteagal 256, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘7. Chun críoch mhíreanna 1 agus 2, déanfar iarmhéid gan íoc an chomhthiomsaithe neamhchosaintí foluiteacha san urrúsú a laghdú faoin méid cailteanas a leithdháileadh cheana féin ar na tráinsí i leith na neamhchosaintí ar mainneachtain atá ar áireamh sa phunann urrúsaithe.’;

(9) Leasaítear Airteagal 259 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Faoi SEC-IRBA, déanfar an méid neamhchosanta ualaithe ó thaobh riosca le haghaidh suíomh urrúsúcháin a ríomh trí luach neamhchosanta an tsuímh arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 248 a iolrú faoin ualach riosca is infheidhme a chinnfear mar a leanas:’

- (b) an téacs ‘i gcás: $p = \text{uasmhéid } [0,3; \text{Cuirtear an méid seo a leanas in ionad } (A + B*(1/N) + C*K_{IRB} + D*LGD + E*M_T)]$:

‘I gcás:

$p = \text{íosmhéid } (1, \text{uasmhéid } [0,3; 0,7 * (A + B*(1/N) + C*K_{IRB} + D*LGD + E*MT)])$ i gcás neamhchosaint tionscnóra nó urraitheora ar shuíomh urrúsúcháin sinsearach, nó

$p = \text{íosmhéid } (1, \text{uasmhéid } [0,3; 1 * (A + B*(1/N) + C*K_{IRB} + D*LGD + E*MT)])$ i gcás neamhchosaintí eile.’;

- (c) cuirtear isteach na míreanna 1a agus 1b seo a leanas:

- ‘1a. An méid neamhchosanta ualaithe ó thaobh riosca le haghaidh suíomh urrúsúcháin sinsearach arna ríomh i gcomhréir le mír 1, beidh sé faoi réir íosteorainn a ríomhfar mar a leanas:

Íosteorainn = uasmhéid (12 %; 15 % * K_{IRB} *12,5)

- 1b. An méid neamhchosanta ualaithe ó thaobh riosca le haghaidh suíomh urrúsúcháin sinsearach arna ríomh i gcomhréir le mír 1 a chomhlíonann na critéir dá dtagraítear in Airteagal 243(4), beidh sé faoi réir íosteorainn a ríomhfar mar a leanas:

Íosteorainn = uasmhéid (10 %; 15 % * K_{IRB} *12,5).’;

- (d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

- ‘7. I gcás ina bhfuil an suíomh bunaithe ar chomhthiomsú measctha agus ina bhfuil an institiúid in ann K_{IRB} a ríomh ar 95 % ar a laghad de na méideanna neamhchosanta foluiteacha i gcomhréir le hAirteagal 258(1), pointe (a), ríomhfaidh an institiúid an muirear caipitil le haghaidh an chomhthiomsaithe fholuitigh neamhchosaintí mar a leanas:

$d \cdot K_{IRB} + (1 - d)K_A$;

- (10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 260:

‘Airteagal 260

Urrúsuithe STS a láimhseáil faoi SEC-IRBA

1. Faoi SEC-IRBA, ríomhfar an t-ualú riosca maidir le suíomh in urrúsú STS i gcomhréir le hAirteagal 259, faoi réir na modhnuithe seo a leanas:

$p = \text{íosmhéid } (0,5, \text{uasmhéid } [0,2; 0,3*(A + B*(1/N) + C*K_{IRB} + D*LGD + E*M_T)])$ i gcás suíomh urrúsúcháin sinsearach tionscnóra nó urraitheora

$p = \text{íosmhéid } (0,5, \text{uasmhéid } [0,2; 0,5*(A + B*(1/N) + C*K_{IRB} + D*LGD + E*M_T)])$ i gcás suíomh neamhshinsearach tionscnóra nó urraitheora

$p = \text{íosmhéid } (0,5, \text{uasmhéid } [0,3; 0,5*(A + B*(1/N) + C*K_{IRB} + D*LGD + E*M_T)])$ i gcás suíomhanna eile

An íosteorainn ualaigh riosca i gcás suíomh urrúsúcháin sinsearach = uasmhéid (7 %; 10 % * K_{IRB} *12,5).

2. Faoi SEC-IRBA, déanfar an t-ualach riosca maidir le suíomh in urrúsú STS a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 243(3) a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 259, faoi réir na modhnuithe seo a leanas:

$p = \text{íosmhéid} \quad (0,5, \quad \text{uasmhéid} \quad [0,2; 0,3*(A + B*(1/N) + C*K_{IRB} + D*LGD + E*MT)]$ i gcás suíomh urrúsúcháin sinsearach tionscnóra, urraitheora nó infheisteora

$p = \text{íosmhéid} \quad (0,5, \quad \text{uasmhéid} \quad [0,2; 0,5*(A + B*(1/N) + C*K_{IRB} + D*LGD + E*MT)])$ i gcás suíomh neamhshinsearach tionscnóra nó urraitheora

$p = \text{íosmhéid} \quad (0,5, \quad \text{uasmhéid} \quad [0,3; 0,5*(A + B*(1/N) + C*K_{IRB} + D*LGD + E*MT)])$ i gcás suíomhanna eile

An íosteorainn ualaigh riosca i gcás suíomh urrúsúcháin sinsearach = uasmhéid (5 %; 10 % * K_{IRB} *12,5).;

- (11) Leasaítear Airteagal 261 mar a leanas:

- (a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Faoi SEC-SA, déanfar an méid neamhchosanta ualaithe ó thaobh riosca le haghaidh suíomh urrúsúcháin a ríomh trí luach neamhchosanta an tsuímh arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 248 a iolrú faoin ualach riosca is infheidhme a chinnfear mar a leanas:’

- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ‘ $p = 1$ maidir le neamhchosaint ar urrúsú nach neamhchosaint ar ath-urrúsú í’:

‘I gcás suíomh urrúsúcháin nach neamhchosaint ar ath-urrúsú é, $p = 0,6$ i gcás suíomh urrúsúcháin sinsearach tionscnóra nó urraitheora; 1 i gcás suíomh urrúsúcháin eile.’;

- (b) cuirtear isteach na míreanna 1a agus 1b seo a leanas:

- ‘1a. An méid neamhchosanta ualaithe ó thaobh riosca le haghaidh suíomh urrúsúcháin sinsearach arna ríomh i gcomhréir le mír 1, beidh sé faoi réir íosteorainn a ríomhfar mar a leanas:

Íosteorainn = uasmhéid (12 %; 15 % * K_A *12,5).

- 1b. An méid neamhchosanta ualaithe ó thaobh riosca le haghaidh suíomh urrúsúcháin sinsearach arna ríomh i gcomhréir le mír 1 a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 243(4), beidh sé faoi réir íosteorainn a ríomhfar mar a leanas:

Íosteorainn = uasmhéid (10 %; 15 % * K_A * 12,5).’;

- (c) I mír 2, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

‘Chun críoch na míre seo, is éard atá i méid ainmniúil na neamhchosaintí foluiteacha ar mainneachtain luach cuntasáíochta na neamhchosaintí ar mainneachtain lúide aon mhéid faoinar díluacháladh na tráinsí cheana féin chun na caillteanais ó na neamhchosaintí sin ar mainneachtain a ionsú, nó caillteanais arna n-ionsú ag barrachas an raoin difríochta.’;

- (12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 262:

'Airteagal 262

Urrúsuithe STS a láimhseáil faoi SEC-SA

1. Faoi SEC-IRBA, déanfar an t-ualú riosca maidir le suíomh in urrúsú STS a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 261, faoi réir na modhnuithe seo a leanas:
 $p = 0,3$ i gcás suíomh urrúsúcháin sinsearach tionscnóra nó urraitheora
 $p = 0,5$ i gcás neamhchosaintí eile ar urrúsú
 an íostearainn ualaigh riosca i gcás suíomh urrúsúcháin sinsearach = uasmhéid (7 %; $10 \% * K_A * 12,5$).
 2. Faoi SEC-SA, déanfar an t-ualach riosca maidir le suíomh in urrúsú STS a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 243(3) a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 261, faoi réir na modhnuithe seo a leanas:
 $p = 0,3$ i gcás suíomh urrúsúcháin sinsearach tionscnóra, urraitheora nó infheisteora
 $p = 0,5$ i gcás neamhchosaintí eile ar urrúsú
 an íostearainn ualaigh riosca i gcás suíomh urrúsúcháin sinsearach = uasmhéid (5 %; $10 \% * K_A * 12,5$).';
- (13) Leasaítear Airteagal 263 mar a leanas:
- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
 - '2. Maidir le neamhchosaintí a mbaineann measúnuithe creidmheasa gearrthéarmacha leo nó i gcás inar féidir rátáil atá bunaithe ar mheasúnú creidmheasa gearrthéarmach a thuiscint i gcomhréir le mír 7, beidh feidhm ag na hualaí riosca seo a leanas:

Tábla 1

Céim na cáilíochta creidmheasa	1	2	3	Gach rátáil eile
Ualú riosca	Tráinse sinsearach: Uasmhéid (12 %; $15 \% * K_A * 12,5$) Tráinse neamhshinsearach: 15 %	50 %	100 %	1250 %

- (b) cuirtear isteach na míreanna 2a agus 2b seo a leanas:

'2a. I gcás suíomh i dtráinse sinsearach a bhfuil CQS1 aige in urrúsú a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 243(4), ríomhfar an t-ualach riosca mar a leanas:

Uasmhéid (10 %; $15 \% * K_A * 12,5$)

2b. I gcás nach mbeidh institiúid in ann an fhoirmle a leagtar amach i dTábla 1 nó faoi mhír 2a a úsáid, toisc nach bhfuil sí in ann K_A a ríomh, beidh feidhm ag ualach riosca 15 % maidir leis an neamhchosaint ábhartha.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. I gcás neamhchosaintí a mbaineann measúnuithe creidmheasa fadtéarmacha leo nó i gcás inar féidir rátáil bunaithe ar mheasúnú creidmheasa fadtéarmach a thuiscint i gcomhréir le mír 7, beidh feidhm ag na hualaí riosca a leagtar amach i dTábla 2, arna gcoigeartú mar is infheidhme i leith aibíocht tráinse (M_T) i gcomhréir le hAirteagal 257 agus mír 4 den Airteagal seo agus i leith tiús tráinse i gcás tráinsí neamhshinsearach i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo:

Tábla 2

Céim na cáilíocht a creidmheasa	Tráinse sinsearach, suíomh tionscnóra nó urraitheora		Tráinse sinsearach, suíomh infheisteora		Tráinse neamhshinsearach (tanaí)	
	Aibíocht tráinse (M_T)		Aibíocht tráinse (M_T)		Aibíocht tráinse (M_T)	
	1 bhliain	5 bliana	1 bhliain	5 bliana	5 bliana	1 bhliain
1	Uasmhéid (12 %; 15 % * K_A * 12,5)		Uasmhéid (12 %; 15 % * K_A * 12,5)	20 %	15 %	70 %
2	Uasmhéid (12 %; 15 % * K_A * 12,5)	18 %		30 %	15 %	90 %
3	17 %	24 %	25 %	40 %	30 %	120 %
4	18 %	29 %	30 %	45 %	40 %	140 %
5	24 %	34 %	40 %	50 %	60 %	160 %
6	34 %	45 %	50 %	65 %	80 %	180 %
7	40 %	46 %	60 %	70 %	120 %	210 %
8	51 %	62 %	75 %	90 %	170 %	260 %
9	62 %	73 %	90 %	105 %	220 %	310 %
10	80 %	96 %	120 %	140 %	330 %	420 %
11	124 %	140 %	140 %	160 %	470 %	580 %
12	140 %	160 %	160 %	180 %	620 %	760 %
13	176 %	201 %	200 %	225 %	750 %	860 %
14	230 %	256 %	250 %	280 %	900 %	950 %
15	286 %	312 %	310 %	340 %	1050 %	1050 %
16	348 %	388 %	380 %	420 %	1130 %	1130 %
17	424 %	465 %	460 %	505 %	1250 %	1250 %
Gach ceann eile	1250 %	1250 %	1250 %	1250 %	1250 %	1250 %

(d) cuirtear isteach na míreanna 3a agus 3b seo a leanas:

‘3a. I gcás suíomh tionscnóra nó urraitheora i dtráinse sinsearach a bhfuil CQS1 aige, nó CQS2 a bhfuil aibíocht tráinse 1 bhliain amháin aige, in urrúsu a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 243(4), ríomhfar an t-ualach riosca mar a leanas:

Uasmhéid (10 %; 15 % * K_A * 12,5)

3b. I gcás nach mbeidh institiúid in ann an fhoirmle a leagtar amach i dTábla 2 nó faoi mhír 3a a úsáid, toisc nach bhfuil sí in ann K_A a ríomh, beidh feidhm ag ualach riosca 15 % maidir leis an neamhchosaint ábhartha.’;

(14) Leasaítear Airteagal 264 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Maidir le neamhchosaintí a mbaineann measúnuithe creidmheasa gearrthéarmacha leo nó i gcás inar féidir rátáil atá bunaithe ar mheasúnú creidmheasa gearrthéarmach a thuiscint i gcomhréir le hAirteagal 263(7), beidh na hualuithe riosca seo a leanas infheidhme:

Tábla 3

Céim na cáilíochta creidmheasa	1	2	3	Gach rátáil eile
Ualú riosca	Tráinse sinsearach: Uasmhéid (7 %; 10 % * K_A * 12,5) Tráinse neamhshinsearach: 10 %	30 %	60 %	1250 %

(b) cuirtear isteach na míreanna 2a agus 2b seo a leanas:

‘2a. I gcás suíomh i dtráinse sinsearach a bhfuil CQS1 aige in urrúsú a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 243(3), ríomhfar an t-ualach riosca mar a leanas:

Uasmhéid (5 %; 10 % * K_A * 12,5)

2b. I gcás nach mbeidh institiúid in ann an fhoirmle a leagtar amach i dTábla 3 nó faoi mhír 2a a úsáid, toisc nach bhfuil sí in ann K_A a ríomh, beidh feidhm ag ualach riosca 10 % maidir leis na neamhchosaintí ábhartha.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Maidir le neamhchosaintí a mbaineann measúnuithe creidmheasa fadtéarmacha leo nó i gcás inar féidir rátáil atá bunaithe ar mheasúnú creidmheasa fadtéarmach a thuiscint i gcomhréir le hAirteagal 263(7), cinnfear ualuithe riosca i gcomhréir le Tábla 4 agus iad coigeartaithe maidir le haibíocht tráinse (M_T) i gcomhréir le hAirteagal 257 agus le hAirteagal 263(4) agus maidir le tiús tráinse le haghaidh tráinsí neamhshinsearacha i gcomhréir le hAirteagal 263(5):

Tábla 4

Céim na cáilíocht a creidmheasa	Tráinse sinsearach (suíomh tionscnóra nó urraitheora, nó suíomh infheisteora in urrúsú i gcomhréir le hAirteagal 243(3))	Tráinse sinsearach (suíomhanna eile infheisteora)	Tráinse neamhshinsearach (tanaí)
	Aibíocht tráinse (M_T)	Aibíocht tráinse (M_T)	Aibíocht tráinse (M_T)
	1 bhliain 5 bliana	1 bhliain 5 bliana	1 bhliain 5 bliana

1	Uasmhéid (7 %; 10 % * K _A * 12,5)		Uasmhéid (7 %; 10 % * K _A * 12,5)		15 %	40 %
2	Uasmhéid (7 %; 10 % * K _A * 12,5)	10 %	Uasmhéid (7 %; 10 % * K _A * 1 2,5)	15 %	15 %	55 %
3	10 %	12 %	15 %	20 %	15 %	70 %
4	10 %	16 %	15 %	25 %	25 %	80 %
5	12 %	20 %	20 %	30 %	35 %	95 %
6	20 %	28 %	30 %	40 %	60 %	135 %
7	23 %	28 %	35 %	40 %	95 %	170 %
8	31 %	38 %	45 %	55 %	150 %	225 %
9	38 %	45 %	55 %	65 %	180 %	255 %
10	47 %	58 %	70 %	85 %	270 %	345 %
11	106 %	118 %	120 %	135 %	405 %	500 %
12	118 %	138 %	135 %	155 %	535 %	655 %
13	150 %	174 %	170 %	195 %	645 %	740 %
14	207 %	229 %	225 %	250 %	810 %	855 %
15	258 %	280 %	280 %	305 %	945 %	945 %
16.	311 %	351 %	340 %	380 %	1015 %	1015 %
17	383 %	419 %	415 %	455 %	1250 %	1250 %
Gach ceann eile	1250 %	1250 %	1250 %	1250 %	1250 %	1250 %

(d) cuirtear isteach na míreanna 3a agus 3b seo a leanas:

‘3a. I gcás suíomh i dtráinse sinsearach a bhfuil CQS1 aige, nó CQS 2 a bhfuil aibíocht tráinse 1 bhliain amháin aige, in urrúsú a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 243(3), ríomhfar an t-ualach riosca mar a leanas:

Uasmhéid (5 %; 10 % * K_A * 12,5)

3b. I gcás nach mbeidh institiúid in ann an fhoirmle a leagtar amach i dTábla 4 a úsáid, toisc nach bhfuil sí in ann K_A a ríomh, beidh feidhm ag ualach riosca 10 % maidir leis an neamhchosaint ábhartha.’;

(15) Leasaítear Airteagal 268 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Féadfaidh institiúid uascheanglas caipitil a chur i bhfeidhm maidir leis an suíomh urrúsúcháin atá ina seilbh a bheadh cothrom leis na ceanglais chaipitil a ríomhfaí faoi Chaibidil 2 nó 3 i leith na neamhchosaintí foluiteacha dá mba nár urrúsaíodh iad.

Chun críocha an Airteagail seo, beidh méid na gcaillteanas ionchasach a bhaineann leis na neamhchosaintí sin a ríomhadh faoi Chaibidil 3, agus méid na gcaillteanas neamhionchasach, san áireamh i gceanglas caipitil an Chur Chuige IRB. I gcás institiúidí tionscnóra, beidh na cailteanais ionchasacha glan ar aon choigeartú sonracha i leith riosca creidmheasa a bhaineann leis na neamhchosaintí foluiteacha.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Is é a bheidh sa cheanglas uasta caipitil an toradh a fhaightear nuair a iolraítear an méid arna ríomh i gcomhréir le mír 1 nó le mír 2 faoin gcion is mó úis atá i seilbh na hinstitiúide sna tráinsí ábhartha (V), arna shloinneadh mar chéatadán agus arna ríomh mar a leanas:

- (a) i gcás institiúid a bhfuil suíomh urrúsúcháin amháin nó níos mó aici in aon tráinse amháin, beidh V cothrom le cóimheas mhéid ainmniúil na suíomhanna urrúsúcháin atá i seilbh na hinstitiúide sin sa tráinse sin le méid ainmniúil an tráinse;
- (b) i gcás institiúid a bhfuil suíomhanna urrúsúcháin aici i dtráinsí éagsúla, beidh V cothrom leis an gcion uasta úis thar na tráinsí.

Chun críocha phointe (b), déanfar an cion úis i gcás gach ceann de na tráinsí éagsúla a ríomh mar a leagtar amach i bpointe (a).

De mhaolú ar an gcéad fhomhír agus ar an dara fhomhír, féadfaidh institiúidí neamhaird a thabhairt d’ús aon tráinse a sanntar ualach riosca 1 250 % dá shuíomhanna urrúsúcháin atá i seilbh na hinstitiúide i gcomhréir le Foroinn 3 nó a bhaintear as Gnáthchothromas Leibhéal 1 i gcomhréir le hAirteagal 36(1), pointe (k). Sa chás sin, is éard a bheidh sna huascheanglais chaipitil suim an mhéid arna ríomh i gcomhréir le míreanna 1 nó 2, glan ar luachanna neamhchosanta na suíomhanna urrúsúcháin ar tugadh neamhaird orthu agus V á chinneadh, arna hionlú faoi V móide suim luachanna neamhchosanta na suíomhanna urrúsúcháin ar tugadh neamhaird orthu agus V á chinneadh.’;

- (16) in Airteagal 270, scriostar míreanna 2, 3 agus 4;
- (17) scriostar Airteagal 506b;
- (18) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 506d:

‘Airteagal 506d

Láimhseáil stuamachta urrúsúcháin

1. Faoin [4 bliana tar éis dháta an teacht i bhfeidhm], déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le ÚBE, measúnú ar staid fhoriomlán agus ar dhinimic mhargadh urrúsúcháin an Aontais, agus tuairisceoidh sé ar oiriúnacht agus éifeachtacht chreat urrúsúcháin stuamachta an Aontais, lena n-áirítear ar mhaoiniú an fhíorgheilleagair, agus idirdhealú á dhéanamh idir cineálacha éagsúla urrúsuithe, lena n-áirítear idir urrúsuithe sintéiseacha, urrúsuithe traidisiúnta agus urrúsuithe neamhchosaintí neamhthuillmheacha, idir tionscnóirí agus infheisteoirí, idir idirbhearta STS agus idirbhearta neamh-STS, agus idir modhanna éagsúla chun méideanna neamhchosanta ualaithe ó thaobh riosca a ríomh.

Mar chuid den athbhreithniú, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an tionchar ar chobhsaíocht airgeadais. Déanfaidh an Coimisiún faireachán freisin ar úsáid an tsocraithe idirthréimhsigh dá dtagraítear in Airteagal 465(13) agus déanfaidh sé measúnú ar a mhéid a dhéanfaidh cur i bhfeidhm na híosteorann aschuir maidir le neamhchosaintí ar urrúsú difear don laghdú caipitil a fhaigheann institiúidí tionscnóra in idirbhearta a n-aithnítear aistriú riosca shuntasaigh ina leith, a mhéid a laghdódh sé go hiomarcach an íogaireacht i leith riosca agus a mhéid a dhéanfaidh sé difear d’inmharthanacht eacnamaíoch idirbheart urrúsúcháin nua.

Go sonrach, measfaidh an Coimisiún an bhféadfaí íogaireacht níos mó a bhaint amach, leibhéil neamhneodrachta caipitil níos comhréirí a bhaint amach, éifeachtaí

aille a mhaolú agus aghaidh a thabhairt ar theorainneacha struchtúracha an chreata atá ann faoi láthair, agus feidhmíocht chreidmheasa stairiúil idirbheart urrúsúcháin san Aontas agus riosca laghdaithe gníomhaireachta an chreata urrúsúcháin agus a riosca laghdaithe de bharr samhaltaithe á gcur san áireamh, dá ndéanfaí athrú níos bunúsaí ar na foirmlí agus ar na feidhmeanna ualaigh riosca.

Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, agus beidh, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach ina teannta.

2. Cuirfidh ÚBE tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin, faoi [2 bhliain tar éis an teacht i bhfeidhm], chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar dhinimic mhargadh urrúsúcháin an Aontais atá mar thoradh ar an gcreat stuamachta leasaithe, agus aird á díriú ar ról na n-institiúidí creidmheasa mar thionscnóirí idirbheart SRT agus mar infheisteoirí. Déanfar idirdhealú san anailís idir cineálacha éagsúla urrúsuithe, lena n-áirítear idir urrúsuithe sintéiseacha, urrúsuithe traidisiúnta agus urrúsuithe neamhchosaintí neamhthuillmheacha, agus idir idirbhearta STS agus idirbhearta neamh-STs. Déanfar anailís sa tuarascáil freisin ar thionchar an chreata stuamachta leasaithe ar iasachtú breise ó institiúidí creidmheasa le teaghlaigh agus le gnólachtaí, lena n-áirítear FBManna.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an [...] lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1.	LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH.....	3
1.1.	Teideal an togra/tionscnaimh	3
1.2.	Réimsí beartais lena mbaineann.....	3
1.3.	Cuspóirí.....	3
1.3.1.	Cuspóirí ginearálta	3
1.3.2.	Cuspóirí sonracha.....	3
1.3.3.	An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo	3
1.3.4.	Táscairí feidhmíochta.....	3
1.4.	Baineann an togra/tionscnaimh le:	4
1.5.	Forais an togra/tionscnaimh	4
1.5.1.	Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh	4
1.5.2.	Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluch a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach atá mar thoradh ar ghníomhaíocht an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.	4
1.5.3.	Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart	4
1.5.4.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile	5
1.5.5.	Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh.....	5
1.6.	Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige	6
1.7.	Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme	6
2.	BEARTA BAINISTÍOCHTA.....	8
2.1.	Rialacha faireacháin agus tuairiscithe	8
2.2.	Córais bhainistíochta agus rialaithe	8
2.2.1.	An bonn cirt atá leis an modh/na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, le sásra/sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe	8
2.2.2.	Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú.....	8
2.2.3.	Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas idir costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)	8

2.3.	Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc.....	9
3.	AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH	10
3.1.	Ceannteidil an chreatairgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar.....	10
3.2.	An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe	12
3.2.1.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	12
3.2.1.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	12
3.2.1.2.	Leithreasuithe ó ioncam sannta seachtrach	17
3.2.2.	An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	22
